Research Repository UCD

Title	Léann agus litríocht sa naoú céad déag: cás Chúige Uladh
Authors(s)	Ní Úrdail, Meidhbhín
Publication date	2012-10
Publication information	Ní Úrdail, Meidhbhín. “Léann agus litríocht sa naoú céad déag: cás Chúige Uladh.” University of Ulster, 2012.
Conference details	Teanga agus litríocht na Gaeilge i gCúige Uladh sa naoú haois déag, Belfast, Northern Ireland, 2012
Publisher	University of Ulster
Item record/more information	http://hdl.handle.net/10197/9795

Downloaded 2023-03-15T17:09:45Z

The UCD community has made this article openly available. Please share how this access benefits you. Your story matters! (@ucd_oa)

© Some rights reserved. For more information

Published in Fionntán de Brún, Séamus Mac Mathúna (eds.), *Teanga agus litríocht na Gaeilge i gCúige Uladh sa naoú céad déag. Éigse Loch Lao 1* (Béal Feirste: Ollscoil Uladh, 2012), 40–86

LÉANN AGUS LITRÍOCHT SA NAOÚ CÉAD DÉAG: CÁS CHÚIGE ULADH

Meidhbhín Ní Úrdail, An Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath

> ‘An teanga Ghaeilge mhilis bhlasta,
> do cleachtadh tréimhse i gcríoch na Banba,
> le fearaibh léinn bhí lán de ghreann
> dá dteangain féin dob áille rann.
> Anois, faraoir! tá díth is faonadh
> uirthe ’s a tír le coimhthígh chlaona,
> tre ’r ghluais gach sceimhle, fíoch ’s míocháil,
> buairt is díth ar chríochaibh Fáil.’[1]

Is leis an bpíosa véarsaíochta seo a thosnaíonn aiste i mBéarla ar staid na teangan agus na litríochta in Ultaibh sa naoú céad déag dar teideal ‘Essay on the present state of the Irish language and literature in the Province of Ulster’. De réir an cholafain a ghabhann leis an aiste féin, dob é ‘Próinsias Ó Catháin Francis Keane’ an teaglamaí, agus chuir sé a chuid oibre i gcrích i ‘20 Newcomen Avenue, Nth Strand, Dublin 1st March 1876’.[2]

Sé bliana roimhe sin, ar mholadh John Gilbert, leabharlannaí Acadamh Ríoga na hÉireann, shocraigh *The Committee of Polite Literature and Antiquities* go gcuirfeadh an tAcadamh comórtas ar bun a mheallfadh an aiste ab fhearr ar staid chomhaimseartha na Gaeilge i gceithre cúigí na hÉireann. Níor tharla aon ní, áfach, go dtí Geimhreadh 1872-3, nuair a socraíodh gurbh ar an teanga mar a bhí sí sa Mhumhain agus i gConnachtaibh a bheadh na haistí seo bunaithe. Fé Mhárta na bliana 1874, bhí seachtar tar éis cur isteach ar an gcomórtas agus bronnadh duaiseanna ar an gCanónach Uilleog de Búrca dá chur síos ar Chonnachtaibh, chomh maith le ar Sheán Pléimeann agus ar Phróinsias Ó Catháin dá n-aistí ar dhála na teangan agus na litríochta sa Mhumhain.[3] Chuaigh Ó Catháin i mbun pinn arís i gcomórtas an Acadaimh 1874-6, agus bronnadh duais ar an aiste seo uaidh leis. Tá na ceithre aistí a ghnóthaigh duaiseanna fanta slán fós againn in ARÉ LS 12 Q 13.[4]

---

[1] ARÉ LS 12 Q 13, lch 128, ach normalú áirithe a bheith déanta ar an ortagrafaíocht anseo agam agus sna tagairtí eile as Gaeilge thíos ón lámhscríbhinn féin. Is gnách l / n dúbalta ag an scríobhaí sa Ghaeilge san áit inar ceart l / n singil a bheith agus *vice versa*. Tá na cásanna seo leasaithe os íseal agam agus soláthraím os íseal chomh maith séimhiú atá fágtha ar lár sa lámhscríbhinn; is liomsa, leis, aon fhocal / litir atá curtha idir lúibíní cearnacha.

[2] ARÉ LS 12 Q 13, lch 218.

[3] *Minutes of the Committee of Polite Literature and Antiquities*, 4 Márta 1874; cf. Ó Macháin (2009: 170). Maidir leis an aiste ón gCathánach go háirithe, feic Ní Úrdail (1996). Tá litir a bhfuil cóip chiorraithe dhi in aiste an Phléimeannaigh pléite agus curtha i gcló in Ó Macháin (2001).

[4] O’Rahilly, Mulchrone et al., (1926-70: 3080), ach i bhfianaise an cholafain (n. 2 thuas) ní mór an dáta 1874 sa chatalóg a leasú go dtí 1874-6.

Maidir leis na buaiteoirí féin, múinteoir náisiúnta ó Phort Láirge ab ea Seán Pléimeann agus, ní nach ionadh b'fhéidir, is ar a chontae dúchais don chuid is mó atá a aiste siúd ar Chúige Mumhan dírithe.[5] Ceapadh i gcomharbacht ar Sheosamh Ó Longáin é mar scríobhaí in Acadamh Ríoga na hÉireann sa bhliain 1881, agus b'eagarthóir ar *Irisleabhar na Gaedhilge* leis é idir na blianta 1884 agus 1891.[6] Níor shínigh an Canónach Uilleog de Búrca ó Mhaigh Eo a chuntas ar Chúige Chonnacht, ach tá ceithre litir i gcorp na haiste aige — 'Specimens received by the present writer' — a bhfuil a ainm luaite orthu.[7] Is ón scoláire céanna seo a tháinig *A College Irish Grammar* (1856) agus *Easy Lessons or Self-Instruction in Irish* a d'fhoilsigh *The Nation* idir na blianta 1858 agus 1862. Ball ab ea é de Chomhairle an Chumainn Oisínigh, agus bhí sé ar dhuine de bhunaitheoirí Chumann Buanchoimeádta na Gaeilge (1876) agus *Irisleabhar na Gaedhilge* (1882).[8]

Dála na beirte eile, scoláire cruthanta Gaeilge a bhí in údar na haiste is dár gcúram anseo, Próinsias Ó Catháin (fl. 1844-76). Tá a rian san ar a chuid oibre trí chéile i LS 12 Q 13, gan dabht, mar a léiríonn sé tuiscint agus eolas leathan ar an nGaeilge mar theanga bheo sa naoú céad déag. Muimhneach ab ea é (fé mar a luann sé i ndeireadh a aiste dar teideal 'Report on the present state of the Irish language and literature in the Province of Munster') ach d'aistrigh sé go Baile Átha Cliath mar ar chuir sé clabhsúr ar an aiste chéanna.[9] Is ar Thrá Thuaidh na príomhchathrach, fé mar a luadh thuas, a chríochnaigh Ó Catháin a chuntas ar staid na Gaeilge i gCúige Uladh sa bhliain 1876. Bhí sé lonnaithe i mBaile Átha Cliath i bhfad roimis seo, áfach — i gcolafan i lámhscríbhinn eile dá chuid a teaglamaíodh idir 1844 agus 1845, mhínigh sé dá léitheoir gur 'ó Bhaile-Átha-Chliaith anois' dó ach gurbh ó Chill Fhiarach i mbarúntacht Mhaigh Fhearta, Co. an Chláir, ó dhúchas dó.[10] Aistriúchan ar dhá leabhar de *Paradise Lost* 'ó'n Sacs-bhéarla go Gaodhailge' an treas lámhscríbhinn i láimh an Chathánaigh atá againn i gcónaí; agus de réir nóta a bhreac Walter J. Purton ina tosach 'Próinnsias Ó Catháin, alias Francis Keane, of Clare, was married and living in Dublin ... He was a lawyer's clerk, and I believe mostly self-educated'.[11]

---

[5] 'John Fleming, Teacher of Rathgormuck N.S. Carrick on Suir' an síniú atá aige i LS 12 Q 13 (lch 1); dob í seo an chéad scoil náisiúnta i Ráth Ó gCormaic de dhealramh. Tá sé ráite ag Pádraig Ó Macháin liom gur i gCluain Fhiadh Paorach a bhí Pléimeann ina mhúinteoir i dtosach báire (1844-9) agus ansan i Ráth Ó gCormaic (1849-80).

[6] Tá tuilleadh eolais ar Sheán Pléimeann (1814-96) in Breathnach agus Ní Mhurchú (1986: 109-10), agus tá eolas breise curtha ar fáil ag Pádraig Ó Macháin air in Breathnach agus Ní Mhurchú (1997: 285). Mar le Seosamh Ó Longáin (1817-80) agus a shaothar, feic Ó Conchúir (1982: 149-58) agus Ní Úrdail (2000: 119-33).

[7] ARÉ LS 12 Q 13, lgh 258-62, 279-80.

[8] Tá cuntas cuimsitheach ar an gCanónach Uilleog de Búrca (1829-87) in Ó Maolmhuaidh (1981).

[9] 'My means of knowledge as to the foregoing facts are based upon my acquaintance with the Irish language, as spoken in the Province of Munster, my intercourse with the people, and the fact that I was born and educated there. Próinsias Ó Catháin, Francis Keane, 29 North Frederick Street' (ARÉ LS 12 Q 13, lch 126).

[10] Lámhscríbhinn an Chathánaigh, lch 331; tá cuntas ar an lámhscríbhinn féin in Nic Fhachtna (1940: 278-83). Cheannaigh athair an údair seo, Liam Mac Fhachtna, an lámhscríbhinn 'i siopa sean-leabhar ar an gcé i mBaile Átha Cliath' timpeall na bliana 1915. Bhronn Síle Nic Fhachtna í ar Scoil an Léinn Cheiltigh, Institiúid Ard-Léinn Bhaile Átha Cliath, sa bhliain 1982; cf. de Brún (1988: 5, 57).

[11] ARÉ LS 23 E 30 a bhfuil cur síos uirthi in O'Rahilly, Mulchrone et al. (1926-70: 1685-6). Ball de mheitheal scoláirí ab ea Purton a réitigh an chatalóg bhreise, *Academy Observations* (ARÉ LSÍ 67 M 1-17 :

Is féidir a mheas go bhfuil LS 12 Q 13 eisceachtúil go maith mar fhoinse sa méid is go gcuireann sí eolas luachmhar ar fáil ar theanga na coitiantachta in Éirinn sa naoú céad déag. Ní mór an aird atá dírithe go dtí seo, is fíor, ar lámhscríbhinní dá sórt ón tréimshe chéanna. I dteannta na lámhscríbhinne againne, cuirim i gcás, áiríonn Pádraig Ó Macháin tuilleadh acu, i.e. an bailiúchán focal ón nGaillimh, ó Mhaigh Eo agus ó Árainn atá anois in ARÉ LSÍ 3 B 35-37, chomh maith le ARÉ LSÍ 23 L 41 agus 23 L 43 ina bhfuil cleachtaí agus nótaí mínithe bunaithe ar fhocail agus ar nathanna cainte i nGaeilge Phort Láirge.[12] Dob é Seán Pléimeann, dála san, scríobhaí an dá lámhscríbhinn dhéanacha seo, é siúd a luadh anois beag a bhuaigh duais ón Acadamh dá aiste ar Chúige Mumhan i LS 12 Q 13. Taispeáineann ábhar na bhfoinsí seo féin, dar ndóigh, go raibh méadú tagtha fén dara leath den naoú céad déag ar an éileamh i measc ársaitheoirí uirbeacha — leithéidí bhaill Acadamh Ríoga na hÉireann — ar eolas i dtaobh theanga na coitiantachta in Éirinn. Foinsí eolais is ea an t-ábhar seo leis, gan dabht, ar an teanga labhartha chomhaimseartha a bhailigh scoláirí a thuig, ní foláir, a thábhachtaí is a bhí sé an urlabhra bheo, a bhí ag athrú síoraí, a thaifeadadh i scríbhinn, go háirithe agus í fé bhrú faid ar fhaid ón mBéarla.[13]

Ar chuma na n-aistí eile i LS 12 Q 13, tá aiste Phróinséis Uí Chatháin leagtha amach de réir na gceannteideal seo a leanas: (i) *Printed Irish Books*; (ii) *Irish Grammars*; (iii) *Irish Dictionaries*; (iv) *Manuscripts in Irish*; (v) *Letterwriting in Irish*; (vi) *Poems in Irish*; (vii) *Songs in Irish*; (viii) *Tales and Stories*; (ix) *Irish Riddles*; (x) *Singing of Dialogues in Irish*; (xi) *Irish Proverbs*; (xii) *Teaching in Irish*; (xiii) *Recent Poets*; (xiv) *Improvisors*; (xv) *Caoinears* [caointeoirí]; (xvi) *Oral Instruction and Circulation of the Scriptures and of Religious Tracts in the Irish Language*; (xvii) *Technical Terms in Irish*; (xviii) *Irish Words Anglicized*; (xix) *English Words Hibernicized*; (xx) *Population of the Province of Ulster in 1873 and the Number of Persons who Speak and Write the Irish Language*.

I dtús na haiste, breacann an t-údar amach na cúinsí is dóigh leis a luathaigh le cúlú na Gaeilge i gcoitinne in Ultaibh sa naoú céad déag, mar atá: imirce shíoraí na gcainteoirí Gaeilge go Meirice agus go háiteanna eile; stróinséirí ('strangers') le Béarla amháin a bheith ag lonnú sa chúige; brú sóisialta ar an bpobal dúchais casadh ar an mBéarla; úsáid fhorleathan an Bhéarla sna scoileanna náisiúnta; stádas an Bhéarla mar theanga tráchtála. Lean na cúinsí céanna leathadh an Bhéarla sa tír trí chéile sa naoú céad déag.[14] Go deimhin féin, ní le Cúige Uladh amháin a bhaineann cuid mhór dá bhfuil le rá ag Próinsias Ó Catháin sa chuid thosaigh dá aiste, agus tá nithe suimiúla le rá aige mar gheall ar an athrú teangan mar fheiniméin ann féin ag an am. Tagraíonn sé, mar shampla, don éifeacht a bhí ag tuismitheoirí ar shóinseáil teanga a bpáistí agus don tuiscint chomónta ina measc gur bhac í an Ghaeilge ar shealbhú an Bhéarla:

---

67 N 1-14), a chuireann go mór leis an eolas i gcatalóga eile ar bhailiúcháin lámhscríbhinní an Acadaimh (ARÉ LSÍ 67 E 6-20); cf. O'Rahilly, Mulchrone et al. (1926-70: 3500).

[12] Ó Macháin (2009: 170).

[13] Mar leis na figiúirí bunaithe ar dhaonáirimh 1851, 1861, 1881 agus 1911 a léiríonn an bhagairt ón mBéarla, feic Fitzgerald (1984); Fitzgerald (2003: 191-283).

[14] Wall (1969: 86-8); Ó Murchú (1970: 28-9); Ó Cuív (1986: 380-1); Ó Cuív (1996: 391-4); Denvir (2006: 549-50).

> Parents often object to send their children even to National Schools which are situate[d] in country districts, in which the Irish language is generally spoken, stating as a reason, that their children would learn nothing but what they term 'broken English' in those schools, and often use the following expression in Irish with respect thereto: 'ní fhoghlamóid siad nídh air bith ionnta achd Béarla brisde' — 'They will learn nothing in them but broken English'. Consequently, a growing desire has arisen among the people to have their children instructed in the English language.[15]

Siúd is go raibh an Ghaeilge á labhairt go coitianta 'i gceantair áirithe', cuid dhílis d'urlabhra an phobail sna ceantair chéanna san ab ea an códmheascadh féin:

> In some districts where the Irish tongue is generally spoken, it is amusing to hear occasionally, persons trying to converse in English; and the practice of doing so has so much increased, that when a subject is commenced in Irish, it is generally concluded in English, though sometimes the conversation is carried on interchangeably, or as they say in Irish, 'a leath 'na Ghaodhailge 's a leath 'na Bhéarla'. Even children often use such expressions as: 'Stop a deirim leat; come-aigídhe; stop-aigídhe; a Mhuire what ails him! Come here a deir me leat; Give it to me má 's é do thoil é!'[16]

Ba é toradh na teagmhála idir an dá theanga i 'mórán ceantar' gur baineadh go mór ó cháilíocht agus ó shaibhreas na Gaeilge, rud atá scanrúil dóibh siúd ar mór acu an teanga agus a labhrann go hálainn í:

> Thus, the Irish, in many districts, has been reduced to such imperfections by the intermixture of English words, that those who love the primitive language, and can speak it in its purity, are shocked.[17]

Is mór an cheataí do dhaoine bochta eile é easpa an Bhéarla a bheith orthu agus iad ag déileáil le dochtúir, mar shampla, atá dall ar fad ar an nGaeilge:

> In some remote districts, where the Irish language is principally spoken, a great inconvenience has sometimes been experienced by the peasantry in the case of sickness, from the difficulty they have in expressing their thoughts in English to a medical man unacquainted with Irish, and in describing the symptoms of the disease'.[18]

Bíodh is gur ghá beachtú níos mó a dhéanamh ar cén áit go díreach in Ultaibh ina raibh 'country districts' nó 'many districts' nó fós 'some districts' sna sleachta thuas, tá, ar a shon san féin, tuairim á nochtadh iontu ar phróiseas an athraithe teangan ó dhuine a bhí

---

[15] ARÉ LS 12 Q 13, lch 129.
[16] ARÉ LS 12 Q 13, lch 130.
[17] ARÉ LS 12 Q 13, lch 130.
[18] ARÉ LS 12 Q 13, lgh 130-1.

ina chroílár.[19] Dá éagmais sin, bhí machnamh feasach á dhéanamh ag an údar ar an sórt Gaeilge a bhí le clos timpeall air agus ar chúrsaí litearthachta sa teanga chomh maith:

> It may be here observed that, notwithstanding the many discouragements that now exist, with respect to the progress of the Irish language and literature in the Province of Ulster, there never was a more favorable [*sic*] opportunity than the present for its culture and dissemination among the Irish-speaking peasantry, from the fact that the state of education among the peasantry has been so generally advanced, as to enable them to learn how to read and write the Irish language with more facility than could be done in former times. But the absence of Schools for instruction in the ancient language, and of the publication of educational and native literature, are the principal causes which are now leading to its decline and ultimate extinction.[20]

Tugtar le fios anseo, gan dabht, go bhfuil gá leis an ngné institiúideach chun aon bhonn a leagadh fé shlánú na Gaeilge trí chéile.

LEABHAIR GHAEILGE, GRAIMÉIR AGUS FOCLÓIRÍ:

Casann an plé ansan ar na ceannteidil mar atá ainmnithe thuas agam. Fén gcéad cheann acu ar leabhair chlóite as Gaeilge a bhí comónta i measc an phobail, áirítear an t-aistriúcháin ar an Seantiomna le William Bedell, Easpag Protastúnach na Cille Móire (1629-42), agus a mhacasamhail ar an Tiomna Nua le Uilliam Ó Domhnaill, Ardeaspag Protastúnach Thuama (1609-28). Dhein *The Irish Society for Promoting the Education of the Native Irish through the Medium of their Own Language* athchló orthu seo sa bhliain 1827, naoi mbliana tar éis a bhunaithe i mBaile Átha Cliath.[21] Luann Ó Catháin 'sliocht' ansan as an mBíobla a d'aistrigh Seán Mac Héil, Ardeaspag Caitliceach Thuama (1834-81).[22] Is trua leis nach bhfuil fáil go coitianta ar an aistriúchán 'iontach' seo i measc na mbocht, ach toisc an praghas deich scillinge air a bheith ró-ard, ní cheannaíonn ach an chléir, mic léinn atá ag dul le sagartóireacht agus fir uaisle a bhfuil oideachas orthu ('gentlemen of education in whose libraries it may be found') an saothar féin, deir sé.[23] Bheadh aon ábhar Gaeilge as an mBíobla an-oiriúnach, dar leis an gCathánach, mar go gcabhródh sé go mór le litearthacht an ghnáthphobail agus 'it is therefore a pity that this excellent version by Archbishop McHale has not been more freely circulated among the people, who are chiefly of the Roman Catholic persuasion, for whom it was mainly

---

[19] Maidir le suirbhé úsáideach ar fhianaise chomhaimseartha atá pléite ag scoláirí ar an athrú go Béarla, chomh maith le meon lucht Athbheochan na Gaeilge air seo, feic Mac Mathúna (2007: 224-66).

[20] ARÉ LS 12 Q 13, lch 131.

[21] de Brún (2009: 1, 110-11).

[22] *An Irish Translation of the Holy Bible, from the Latin Vulgate, with a corresponding English version, chiefly from the Douay ... with notes from the most distinguished commentators, vol. 1 (Gen. to Josue)* (Tuam 1861), i.e. an Peintiteoch fara Leabhar Iósua ar fad nach mór (anuas dtí 24:12); feic Ó Muraíle (1983: 65-6 n. 79) agus Andrews (2001: 316).

[23] ARÉ LS 12 Q 13, lch 132. Ar a shon san, áfach, mheas James Warren Doyle, Easpag Caitliceach Chill Dara agus Leithghlinne (1819-34), 'that a Bible selling at 16 shillings was cheap and "accessible to persons of limited means"' (Ó Cíosáin 1997: 23).

intended'.[24] Leanann ciúta pearsanta véarsaíochta ón údar a thacaíonn leis an áiteamh seo aige:

> Níl leabhar le fáil atá cómh haosta
> le leabhar na ngrás ár nAthar naofa;
> is uaidh go fíor do shíolraigh uile
> gach creideamh fíor dá mbí sa chruinne;
> níl leabhar ann fós cómh hionraic ceacht
> mar so d'admhuighthear go fírinneach ceart;
> is fírinne é – 'gus é sin suíte –
> fírinne Dé ná tréigfidh choíche.[25]

Is i bhfoirm liosta achomair a áirítear naoi saothar déag eile i gcló, mar atá: 'Agallamh Oisín agus Phádraig' a chuir Seán Ó Dálaigh in eagar don Chumann Oisíneach;[26] *Irish Minstrelsy* (1831) le James Hardiman; *Reliques of Irish Poetry* (1789) le Charlotte Brooke; *Reliques of Irish Jacobite Poetry* (1844), *Féin-theagasc Gaoidheilge: Self-Instruction in Irish* (1846) agus *Poets and Poetry of Munster* (1849) le Seán Ó Dálaigh; *Casan na Gaoidhilge: an Introduction to the Irish Language* (1841) le S[eóirse] Ó Mh[achaire] (*alias* George Field);[27] *Irish Popular Songs* le Edward Walsh (1847); leagan Gaeilge de *Irish Melodies* Thomas Moore leis an Ardeaspag Mac Héil (1842) agus 'Homer's Iliad by Ditto';[28] *An Teagask Creestye* (c. 1727) le Michael O'Reilly, Ardeaspag Caitliceach Ard Mhacha (1749-58);[29] *An Teagasg Críosduidhe* (1742) leis an Urramach Andrew Donlevy;[30] *Sixteen Irish Sermons* (1736) le Séamus Ó Gallchobhair, Easpag Caitliceach Chill Dara agus Leithghlinne (1737-51);[31] *Toras na Croiche* (1861), aistriúchán leis an Ardeaspag Mac Héil ar *Via Crucis* Naomh Alphonsus Liguori;[32] 'O'Molloy's Irish Catechism';[33] 'Furlong's Irish Prayer Book';[34] 'Primer of the Irish language revised by [John] O'Donovan';[35] 'Tadhg Gaodhlach';[36] bailiúchán anaithnid dar

---

[24] ARÉ LS 12 Q 13, lch 133.
[25] ARÉ LS 12 Q 13, lch 133.
[26] *Transactions of the Ossianic Society* 4 (1859), 2-64.
[27] Beckett (1967: 2); Ó Buachalla (1968: 92, 100 n. 9, 103); Blaney (1996: 91-2, 171-3); de Brún (2009: 267 n. 1, 405). Táim buíoch de Phádraig Ó Macháin as an saothar seo a phlé liom.
[28] *Togha Abhrán air Eirinn, Ro chan Tomás Ua Mórdha, Flaith na bh-fileadh. Aisdrighthe ó Shacs-béarla go Gaoidhilge le Seághan Ard-Easbog Thuama* (Dublin 1842). Foilsíodh aistriúchán Mhic Héil ar an *Iliad* in ocht gcuid idir 1844 agus 1871 (Ó Muraíle 1983: 65 n. 75).
[29] Ó Súilleabháin (1965: 113-14); Tynan (1985: 18-58, 63-7). Tá an chosúlacht air gur timpeall na bliana 1727 a chuir Michael O'Reilly a shaothar le chéile nuair a bhí sé ina shagart paróiste sa Chabhán, ach níltear cinnte an í sin bliain a fhoilsithe. Foilsíodh leagan Béarla chomh maith, ach ní heol go díreach cathain.
[30] Tynan (1985: 59-84).
[31] Ó Néill (1977-8: 209).
[32] Ó Maolmhuaidh (1981: 65).
[33] *Lóchrann na gCreidmheach* (1676) le Froinsias Ó Maolmhuaidh OFM (1606-77), an chéad leabhar a foilsíodh i gcló Gaelach na Róimhe (McGuinne 1992: 37-8).
[34] Dob fhéidir aon cheann de thrí cinn de shaothair leis an Ath. Jonathan Furlong (1799-1857) a bheith i gceist anseo, i.e. *Aithghearughadh an Teaguisc Críosduighe Geinearáilte* (1839), *Carad an C*[*h*]*ríosdaigh* (1842) nó *Compánach an Chríosdaigh* (1842); feic Ní Dheá (2003-4: 41) agus de Brún (2009: 407, 578).
[35] *A Primer of the Irish Language with Copious Readings Lessons; for the Use of the Students in the College of St. Columba* (Dublin 1845).

teideal 'Collection of Irish Hymns'. Lasmuigh den 'poor peasant' a bhí i dtaoibh le leabhair 'shaora', bhí na saothair seo ar fad á léamh ag daoine a bhí go maith as agus a raibh ar a gcumas an Ghaeilge a léamh.

Is iad na leabhair ghramadaí a bhí ar fáil don té sa chúige a d'fhéadfadh iad a cheannach ná: *Casan na Gaoidhilge*;[37] *The College Irish Grammar* (1856) leis an gCanónach Uilleog de Búrca; 'Connellan's Irish Grammar';[38] *Uraicecht na Gaedhilge* (1808) le William Haliday; *A Grammar of the Irish Language* (1830) le Henry Joseph Monck Mason; *A Practical Grammar of the Irish Language* (1809) leis an Urramach Pól Ó Briain; *A Grammar of the Irish Language* (1845) le John O'Donovan. Dá mbeadh an t-airgead féin ag na 'enthusiastic Irishians' in Ultaibh, áfach, is gnách nach foinsí dá sórt a úsáidfí:

> In fact, the enthusiastic Irishians (to use the popular term) when learning how to read or write Irish, seldom use the published Grammars, and seek their instruction from a teacher who writes the sounds of the diphthongs and triphthongs for them, from which they are able to pronounce words, and read the Irish language with more ease.[39]

Ní miste cuimhneamh air chomh maith, gan dabht, gur i gcló gaelach seachas i gcló rómhánach a cuireadh cuid de na leabhair ghramadaí thuas amach agus, mar sin, má bhí an Ghaeilge ag an léitheoir níor ghá go mbeadh sé oilte ar í a léamh.[40]

Maidir leis na foclóirí a bhí 'in úsáid' go coitianta sa chúige, tagraítear do na foclóirí Gaeilge-Béarla leis an Easpag Seán O'Brien (1768), le Edward O'Reilly (1817) agus le Thomas de Vere Coneys (1849); agus don bhfoclóir Béarla-Gaeilge le Conchobhar Ó Beaglaoich agus Aodh Buí Mac Cruitín (1732). Ón uair, áfach, gur ar chostas cúig scillinge a bhí an foclóir ba shaoire díobh seo (nach n-ainmnítear) ar díol, ní raibh éileamh i measc na ndaoine bochta orthu. Críochnaíonn an chuid seo den aiste leis an tuairim go bhfuil:

> ... thousands of Irish words now in use in the Province of Ulster, and indeed in the other Provinces of Ireland, which are not contained in any published Dictionary, and this want has induced the Writer of this Essay to prepare a new Dictionary, which he hopes to complete before the close of this year.[41]

Ní heol ar éirigh le Próinsias Ó Catháin an tionscnamh foclóireachta seo a thabhairt chun críche, ach is léir gur aithin sé 'easpa' bhunúsach sa bhfoclóireacht trí chéile fén gceathrú dhéanach den naoú céad déag; agus is í easpa í nach raibh fáil ar fhoclóir críochnúil ar an teanga bheo chomhaimseartha.

---

[36] *Timothy O'Sullivan's Pious Miscellany* (1802) le Tadhg Gaelach Ó Súilleabháin.
[37] Feic n. 27 thuas.
[38] Maidir le saothair ghramadaí Thaddaeus Connellan (c. 1780-1854) a foilsíodh idir na blianta 1815 agus 1824, feic de Brún (2009: 20, 111-7).
[39] ARÉ LS 12 Q 13, lch 135.
[40] Foilsíodh leabhar gramadaí Haliday i gcló gaelach Barlow, mar shampla, agus is i gcló gaelach Fry a tháinig saothair de Búrca agus Mason amach (McGuinne 1992: 75-6, 92, 181-2).
[41] ARÉ LS 12 Q 13, lch 136.

LÁMHSCRÍBHINNÍ AGUS LITREACHA:

Má bhí ardmheas ar lámhscríbhinní tráth i gCúige Uladh, tá meathlú mór tagtha ar thraidisiún na lámhscríbhinní le céad bliain anuas, dar leis an gCathánach. Is beag lámhscríbhinn atá 'in úsáid' i measc an phobail agus, go deimhin, 'readers and writers of Irish ... would prefer hearing an English ballad, rather than the traditional tales and stories which their forefathers loved so well'.[42] Is gnách gur mháistirí scoile 'and clever Irishians' a bhí sna scríobhaithe féin. Thagadh daoine le chéile i dtigh ar leith chun éisteacht le reacaire ag léamh as lámhscríbhinn 'and if any person interupted the Reader, or even the hearers, such person would at once be expelled from the house', deir sé.[43] Ón uair go mbíodh scéalta de ghlanmheabhair ag na héisteoirí scaiptí iad go saoráideach ó bhéal i measc an phobail. Is gnách, leis, go loirgítí lámhscríbhinn ar iasacht 'for perusal only and then, secretly, to copy it, working night and day until finished'.[44] Tugtaí lámhscríbhinn mar bhronntanas don té a bheadh ag imeacht ar imirce agus luann sé 'one instance of an Irishian who lived in Kilrain in the County Donegal, about 30 years ago who sold one of his Irish manuscripts, containing over 500 pages, to an Irish emigrant for the small sum of 10^{s}/-.'[45]

Tar éis don údar a áiteamh gurbh iad na fir, seachas na mná, a bhí liteartha sa Ghaeilge, leanann cur síos uaidh ar chás lánúine i dTír Chonaill:

> A certain writer of Irish who lived in Glenties, County Donegal, was in the habit of inviting persons to his house on Winter evenings, for the purpose of reading Irish tales, to the great displeasure of his wife, who had an extreme hatred to [*sic*] the Irish language, and indulged rather freely in intoxicating liquor, and her husband used often to address her in the following lines:
>
> > Éist, éist a bhean is glac gach ní go suairc
> > ná cuir nath sa tsaol-so atá neamhbhuan
> > acht ól do dhram go tais, mar is gearr an uain
> > go mbeidh tu seal gan tart i d' luí san uaigh.
>
> Translation: Hush, hush, woman! take all things pleasantly,
> do not heed this world which is not everlasting,
> but drink thy glass, sweetly, for it is short
> until thou art lying, without thirst, in the grave.[46]

Dob é críoch an scéil ná gur chuir an bhean bailiúchán lámhscríbhinní a céile trí thine nuair a fuair sí an chaoi air. Ghoill an chailliúint thubaisteach chomh mór san ar an bhfear bocht, áfach, gur chaill sé a mheabhair agus chaith blianta deiridh a shaoil i dtigh na ngealt. Dá éagsúlaí agus dá thaibhsí, dar le duine, mar eachtra an méid seo ar fad, tá

---

[42] ARÉ LS 12 Q 13, lgh 136-7.
[43] ARÉ LS 12 Q 13, lch 137.
[44] ARÉ LS 12 Q 13, lgh 138-9.
[45] ARÉ LS 12 Q 13, lch 138.
[46] ARÉ LS 12 Q 13, lch 139.

scáthdhealramh aige leis an traidisiún a lean den scríobhaí ó Chairbre i gCo. Chorcaí, Seán Ó Coileáin: tuigeadh gur le taom feirge a chuir an dara bean aige siúd a dtigh agus a raibh ann (a chuid lámhscríbhinní san áireamh) trí thine d'aon ghnó![47]

Sa chuntas ar scríobh litreacha as Gaeilge a thagann sa chéad chuid eile den aiste, maíonn an t-údar:

> It was the custom, about a century ago, for Irish scholars, who were then very numerous among the Irish peasantry, to communicate with one another in the Irish language, especially when they wanted to observe secrecy; and also when addressing gentlemen who were acquainted with Irish, in order to obtain certain requests, which were sure to be favorably [*sic*] entertained when applied for in the native language; but this practice has altogether ceased of late years. Money transactions, also, used to be negotiated, and receipts given, in Irish, one of which the writer here quotes as an example:
>
> > Geallaimse féin gan bhréig fá m' láimh go ceart,
> > dhuitse, ' Shéumais Uí Néill, gan cháim gan chleas,
> > daichead geal réal gan aon lacáiste as,
> > lá Mhuire naomhtha sa bhféile atá le teacht.[48]

Ba ghnách, leis, gur as Gaeilge a bhíodh léas idir thiarnaí talún agus a dtionóntaí, agus is sa teanga chéanna a chuirtí fógraí poiblí in airde chomh maith, ar gheataí séipéil nó ar philéir phoiblí.

AN FHILÍOCHT:

Is deacair do Phróinsias Ó Catháin a áireamh le deimhne cad iad na dánta a bhí coitianta i measc an phobail in Ultaibh seachas a rá go raibh 'a few old men still living who can recite pieces of poetry, which they regard with great esteem and veneration, though unable to read or write the Irish character'.[49] Ar a shon san, éiríonn leis sé dhán déag agus fiche díobh siúd is mó 'in úsáid' a ainmniú, agus laoithe fiannaíochta is ea a bhformhór.[50] Cuireann sé cúig cinn de théacsaí samplacha ar fáil don léitheoir ansan. Comhrá grinn idir seanchapall agus a mháistir atá sa chéad dán dar teideal *An Gearrán Caoch 's a Mháistir* (6 véarsa). Leanann dán diaga dar tús 'Nuair ' bheidh an saol so 'na chré dhearg sínte' (9 véarsa) agus dán fada dar teideal *Comhrá an Bháis agus na Mná Uaisle* (158 ll) a mheabhraíonn nach bhfuil sa saol seo 'acht gal' agus go dtagann an bás gan choinne ar thóir an duine. Críochnaítear le dhá dhán leis an bhfile Aindréas Ó hÉigeartaigh ó Na Gleannta i dTír Chonaill.[51] Dhá líne dhéag molta atá i gceann acu seo in ómós don

---

[47] Ó Conchúir (1982: 43, 44 n. 274); mar le Seán Ó Coileáin (c. 1754-1817) agus a shaothar, feic Ó Conchúir (1982: 41-6) agus Uí Chatháin (2006: 19-36, 69-109).
[48] ARÉ LS 12 Q 13, lch 140.
[49] ARÉ LS 12 Q 13, lch 143.
[50] ARÉ LS 12 Q 13, lgh 144-6.
[51] Is é seo an file céanna a raibh díospóireacht aige le hAodh Mac Domhnaill (1802-67) ó Cho. na Mí sa dán le Mac Domhnaill dar teideal *Agallamh idir Aindrias Ó hÉigeartaigh agus an Bard um Mheath na bPrátaí* (Beckett 1987: 57-62, 131-3); cf. de Brún (2011: 91-2). Sa dán dar tús 'Má thigimse choíche arís

gCathánach féin, ‘fear breá ’tá sásta soineanta suairc’. Geallann an file go rachaidh sé ar a thuairisc mar a gcuirfidh duine deáthach cóir mhór mhaith air ‘fan dtráigh’ — An Trá Thuaidh i mBaile Átha Cliath, ní foláir, mar a raibh cónaí ar Phróinsias Ó Catháin.[52] A thúisce a chneasóidh cos agus lámh an fhile is ea a tharlóidh sé sin!

Aisling an-éagsúil dar tús ‘Bhí mise oíche ’s é shílim gan suaimhneas’ (58 ll) atá sa dara dán le hAindréas Ó hÉigeartaigh. Leanann sí pátrún na haislinge fáthchiallaí sa méid is go dtiteann an file ina chodladh, go dtagann spéirbhean i dtaibhreamh chuige agus go dtosnaíonn comhrá idir an bheirt. Ní hí Éire an spéirbhean féin, áfach, ar chuma na haislinge a chleacht filí Oirialla san ochtú céad déag.[53] Is í Gráinne í sa dán seo a ‘thainig ar ball gan spás ó Thuamhain’. Dá éagmais sin, más dual don bhfile a bheith go lagchroíoch i dtús na haislinge fáthchiallaí, ní hé an t-anaithe polaitiúil a ghaibh pobal na tíre féin is cás le file an dáin áirithe seo in aon chor. Is amhlaidh nach féidir leis ‘gach ní mhothaigheas dá bhfeacas nó ’ gcualas’ a chur síos go cruinn agus go ceart mar nach bhfuil ‘mo theangasa líofa nó luaineach’ go leor chuige. Spreagann an easpa muiníne seo aige teachtaireacht údarásach ón spéirbhean:

> Aindréis a ghrá atá soineanta suaimhneach,
> dar mo láimh ní háil liom gruaim ort,
> éirigh ’ do sheasamh is tabhair leat go stuama,
> agus imigh go tapa léi ar uaigneas;
> labhair Gaeilge bheas soineanta duanmhar
> is b’fhéidir go dtiocfadh sí leat an uair sin;
> muna dtigidh tabhair leat í ar aistir fuadaigh,
> beidh mise agus slóite de mhnáibh leat sa ruaig sin,
> sciath óigfhear faoi ór-arm chruaidh linn,
> racham[54] go Bunchrainn is déanfam cuaird ann,
> as san linn go hAsaraí ag cuardaíocht
> ’s ní bheidh orainn cumha ná buaireamh;
> beidh go leor de lucht ceoil linn is cuideachta buachall,
> ’s ní bheimid go bráth tuirseach ná duairc ann;
> racham[55] go Binn Éadair is ba fearrde sibh gluaiseacht,
> tiocfam ar n-ais as san go suáilceach;
> beidh agaibh fíon is feoil go leor an uair sin,
> is damhsa fada ar hallaí uaisle,
> is mo chuideamhsa féin go lá bhéal na huaighe.[56]

Ní hé slánú polaitiúil na tíre, mar sin, is bun le teachtaireacht na spéirmhná anseo, ach an dóchas gur féidir an Ghaeilge féin a shlánú. Nuair a chuirtear i bhfáth gur léirigh Próinsias Ó Catháin, fé mar a luadh thuas, tuiscint fheasach ar a leochailí is a bhí an

---

go moch nó go mall’, gabhann Mac Domhnaill buíochas leis an Éigeartach agus lena bhean Bríd as a fhéile a bhíodar leis agus é ar cuaird acu (Beckett 1987: 80, 148).

[52] Feic n. 2 thuas.

[53] Ó Buachalla (1996: 600).

[54] LS *rachaim*

[55] LS *rachaim*

[56] ARÉ LS 12 Q 13, lgh 157-8.

Ghaeilge agus í fé bhagairt ón mBéarla, ní hionadh go roghnódh sé aisling dá sórt san. Misneach atá á chur sa dán ar an té ar suim leis leanúint den nGaeilge a chleachtadh agus a chur chun cinn, agus cuirtear críoch leis an gcuntas ar chúrsaí filíochta le háiteamh a bhaineann leis an tír trí chéile:

> The enthusiastic regard and esteem with which Irish Poetry was cherished in the Province of Ulster in former days, is beyond conception. Should not, therefore, those who regard the Irish tongue take an interest respecting the productions and genius, once so celebrated and esteemed. It is to be regretted that very few of the famed compositions of past centuries are now forthcoming. The greater number of the poetical remains of the ancient Bards were written during the middle ages, when the genius of Ireland was in its maturity; yet many beautiful Irish Poems have been composed in the present day, which breathe the true spirit of poetry, though few of them ever fall into the hands of those who desire to cultivate or revive the Irish tongue among the people of this Country.[57]

AMHRÁIN GHAEILGE:

Taispeáineann an Cathánach go bhfuil eolas leathan aige ar thraidisiún amhránaíochta na Gaeilge sa naoú céad déag. Áitíonn sé i dtosach báire go bhfuil an traidisiún féin a bheag nó a mhór imithe sa chúige fén gceathrú dhéanach den naoú céad déag:

> The singing of Irish songs has almost been extinct in the Province of Ulster. Young people do not now indulge in the singing of such, as they prefer learning English words to the ancient melodies which their forefathers loved to sing, but old men and women may still be heard, in certain remote districts, singing the old songs of Erin to the sweet tunes of the ancient minstrels; and not only has the practice of singing Irish Songs ceased among the youthful peasantry, but the original airs are almost forgotten, and no care taken by Irish students to revive the expressive music of the past.[58]

Bíodh san mar atá, liostálann sé céadlínte chúig amhrán is fiche atá fós á gcanadh 'by the Irish-speaking peasantry in Ulster':

> 'Is mithid domhsa feasta gluaiseacht', [Ó] Cearbhalláin[59]
> 'Is aoibhinn don té d'fhéad a mealladh', An fear céanna
> 'Ag mo chaoin Róis atá naoi n-órfhoilt', Séamas [Dall] Mac Cuarta[60]
> 'I mo shiúl annsa ló ní léir dom an ród', Eoghan Ó hAnnáin

---

[57] ARÉ LS 12 Q 13, lch 159.
[58] ARÉ LS 12 Q 13, lch 160.
[59] LS *Carúlán*
[60] LS *Coirtir*; is cosúil gurb é *An Chaoin Róis* (7 véarsa) an t-aon amhrán grá amháin a chum Mac Cuarta (c. 1650-1733), ach tá an t-amhrán céanna, atá curtha in eagar in Ó Máille (1916: 216-18, 322), luaite le Toirdhealbhach Ó Cearbhalláin (1670-1738) chomh maith. Tá dhá véarsa de leagan a bhí coitianta i dtraidisiún amhránaíochta dheisceart Uladh agus an port a ghabhann leis curtha i gcló in Ní Uallacháin (2003: 217-19), agus tá leagan Ultach eile (5 véarsa) in Ó Muirgheasa (1934: 114).

‘Éistígh a lucht léinn is tugaidh[61] dhom aire’, Séamas Ó Doraidhin[62]
‘Tá Sliabh Liag mór álainn a dtig féar fada is fás air’,[63] Seán Néilis[64]
‘Is dréimreach dosach dualach ó dheas is ó thuaidh tu’, Seán Ó hÉigeartaigh[65]
‘Tráthnóna liom féin tháinig an bás faoi mo dhéin’, Aodh Ó Domhnaill[66]
‘Níl baile cuain ó Éirne go Bóinn’, Toirdhealbhach Ó Cearbhalláin
‘Is mithid dom trácht ar scéimh na mná’, Eoghan Ó hAnnáin[67]
‘Beirim mo bhriathra dhuit a liaigh roscach gléigeal’, [An] fear céanna
‘Níl rí-fhile ná flaith da bhfuil i gcrích Fáil’, Sléibhín[68]
‘A chaomhchara na pairte ’s é mo chrása mar d’fhág tu’, [An] fear céanna
‘A’ gcluinnir me a Chathail Bhuí déin spás is ná hól níos mó’, [An] fear céanna[69]
‘’S a Bhríd Óig Uí Néill a phlanda chiúin tséimh’, [Ó] Cearbhalláin[70]
‘Ísligh m’fhíoch, m’fhearg is m’fhua’, [An] fear céanna
‘Rachaidh mise siar go mullach Sléibhe Liag’,[71] Eoghan Ó Néill[72]
‘A Bhríd a rún dein réidh[73] an siúl’, [Ó] Cearbhalláin[74]

---

[61] LS *tugaídhe*
[62] LS *dorriain*
[63] LS *sliabh a liagh fásach*
[64] Tá an t-amhrán seo dar teideal *Sliabh Liag* pléite in Ó Laoire (2003). Tá leagan de (9 véarsa) curtha i gcló in Ó Muirgheasa (1934: 402-6) mar a ndeirtear gurb é Séamas Ó Doraidhin a chum, agus tá sé luaite leis an bhfile céanna i leagan Theilinn (7 véarsa) atá curtha i gcló fara an ceol in Mac Seáin (1973: 82-3, 89, 104-5). Tá leagan breá eile (9 véarsa) le clos ó Lillis Ó Laoire ar an dlúthdhiosca *Bláth gach géag dá dtig* (Cló Iar-Chonnachta, 1992).
[65] Tá leagan den amhrán seo dar tús ‘Is dromach dochtach dualach ó dheas is ó thuaidh thú’ (6 véarsa) luaite le hEoghan Mac Giolla Íosa ‘a nDún-na-nGall’ in ARÉ LS 3 B 38 (lgh 112-14). De réir nóta ón scríobhaí Peadar Ó Gealacáin (c. 1792-1860) ó Cho. na Mí: ‘This song I think is on the air of Walsh of Fagan’s town’ (lch 112), agus is é teideal a chuirtear ar an amhrán ná *Moladh Shliabh Maoineach*. Tá leagan eile (4 véarsa) curtha i gcló in Ó Muirgheasa (1934: 410-11) mar a bhfuil sé luaite le hEoghan Óg Mhac Niallais ó Ard an Rátha, Co. Dhún na nGall; tá an file céanna luaite le leagan (4 véarsa) a tógadh síos sna Stáit Aontaithe i ndeireadh an naoú céad déag agus atá curtha i gcló in Mac a’ Bháird (1909: 35-6, 84).
[66] Maidir leis an gConallach file seo, feic ‘Iolann Fionn’ (1926: 11-16). Tá leagan den amhrán thuas (5 véarsa) curtha in eagar in Ó Muirgheasa (1915: 13-14, 184-6) ach é a bheith luaite le Séamus Ó Teibhlin (*alias* James Tevlin) ó Cheanannas, Co. na Mí.
[67] Leagan de dhara véarsa an amhráin *Stór na mBeach* (4 véarsa) le Toirdhealbhach Ó Cearbhalláin atá curtha in eagar in Ó Máille (1916: 127-9, 287-8). *Cuach na Sugh* is teideal don amhrán seo in ARÉ LS 3 B 38 (lgh 110-11) mar a bhfuil sé luaite le Séamas Ó Doraidhin ‘Dún-na-nGall’.
[68] LS *Sleibhinn*. Is dócha gur *sléibhín* atá i gceist ag an gCathánach anseo agus gur tagairt chliathánach í don bhfile Cathal Buí Mac Giolla Ghunna (c. 1680-c. 1756) a mheas gurbh ionann é agus sórt eile éin: ‘ach mo bhonnán buí a bhí lán den chroí, / is gur cosúil liom féin é ina ghné is a dhath’ (Ó Buachalla 1975: 76).
[69] *Na Briathra Beacht’* (6 véarsa) atá anseo, dar ndóigh, a raibh leaganacha de an-choitianta i dtraidisiún amhránaíochta dheisceart Uladh agus Dhún na nGall (Ní Uallacháin 2003: 55-8). Cuid d’amhrán níos faide is ea é le Cathal Buí Mac Giolla Ghunna dar tús ‘An gcluin tú mé, a Chathail Bhuí, tá an bás fá fhad téide dhuit’ (9 véarsa), i.e. argóint idir an file agus a bhean mar gheall ar an saol drabhlásach a chaitheann sé (Ó Buachalla 1975: 64-6, 125-8).
[70] LS *Carúlán*. Is é seo tús dara véarsa an amhráin *Bríd Óg Ní Néill* (3 véarsa) atá curtha i gcló in Ó Muirgheasa (1934: 118-19) agus é luaite ansúd le ‘Cormac Mac Seáin, an táilliúr, i gCo. Dhún na nGall’; cf. Mac Seáin (1973: 97). Tá cóip eile in ARÉ LS 3 B 38 (lch 98) agus an nóta seo ón scríobhaí, Peadar Ó Gealacáin: ‘Saoilim go bhfuil an ceól so air fhonn Mholaidh Dhruim Chrích’.
[71] LS *sleibhe a liagh*
[72] Tá leagan den amhrán seo dar teideal *An Fial-Athair Dónall* (6 véarsa) curtha i gcló in Goan (1984: 46-7) agus tá sé á rá le ceol ag Lillis Ó Laoire ar an dlúthdhiosca *Bláth gach géag dá dtig* (luaite i n. 64 thuas).
[73] LS *Brighid a riun dein réig*

‘A Róis dá mo liom tu b’aoibhinn duit’, Peadar Mac Gonagail[75]
‘A Shliabh Shneachta dílis is aoibhinn duit gach maidin’, Tadhg [Ó] Tiománaidhe[76]
‘Is trua mar rin me léann riamh’, [An] fear céanna
‘Is buartha ghaibh mo shuan aréir dom’, [Art] Mac Cumhaigh[77]
‘Mo chairde gaoil gur thréigh me’, Séamas Ó Doraidhin[78]
‘Tré m’aisling gheal do dhearc me an spéirbhean’, [An] fear céanna
‘Is mithid dom trácht ar t’fheabhas a Chathánaigh’, [An] fear céanna.[79]

Leanann ansan téacs iomlán dhá amhrán ón liosta thuas atá luaite le Séamas Ó Doraidhin ó Chill Charthaigh in iardheisceart Thír Chonaill.[80] I gcás na haislinge dar tús ‘Tré m’aisling gheal do dhearc me an spéirbhean’ (6 véarsa), cuireann Ó Catháin an ceol a ghabhann leis ar fáil chomh maith.[81] Tá cosúlachtaí idir an téacs féin agus *Aisling Gheal* Bhaile Bhuirne, ach ní hionann an ceol a ghabhann leo araon agus, go deimhin, tá véarsa de bhreis i leagan an Chathánaigh ar cheann Chorcaí.[82] Tá cosúlachtaí, leis, idir leagan an Chathánaigh agus *Aisling an Óigfhir* (6 véarsa) a chuir James Hardiman i gcló sa chéad imleabhar de *Irish Minstrelsy*, agus, tá fós, macallaí téacsúla idir véarsa 6 sa leagan céanna agus an véarsa déanach de *An Caisideach Bán* mar atá sé in *Amhráin Chlainne Gaedheal*.[83] I gcás na dara solaoide, *Aisling Shéamuis Uí Dhoraidhin*, dar tús ‘Mo chairde gaoil gur thréigh me’ (4 véarsa), is é an téacs lom ’ cheal ceoil a thugann Ó Catháin.[84]

Casann an plé ansan ar phíosaí ceoil a bhailigh an t-údar ‘in Ulster and elsewhere’ ach nár foilsíodh, dar leis, riamh roimhe seo. Cuireann sé véarsa réamhrá fara aistriúchán leis an gcuid seo mar a leanas:

Ní heol do dhaoine ceol comh haoibhinn
le ceol caoin binn na hÉireann;
an brón ón gcroí seolann le gaoith,
is ní chasann arís dá éileamh.
An té bhíonn teinn gan tapa gan brí,

---

[74] LS *Carulán*
[75] LS *ghonagail*
[76] LS *Tiomnadh*; maidir leis an bhfile seo (1680?-1750?) ó Ghleann Fhinne, Dún na nGall, feic Ó Muirgheasa (1934: 295-8, 441-2). Is é teideal an dáin féin ná *Connspóid eadar Ultach agus Connachtach* agus tá leagan de (10 véarsa) fara cuntas ar a sheachadadh i nDún na nGall agus i dTír Eoghain in Ó Muirgheasa (1934: 397-401).
[77] LS *mac Cuirtinn*; is dócha gur leagan de ‘Is tuirseach buartha chuaigh mo shuan aréir damh’ atá i gceist anseo, i.e. aisling le hArt Mac Cumhaigh (c. 1738-73) atá curtha in eagar in Ó Fiaich (1973: 130-1, 170).
[78] LS *doriain*.
[79] ARÉ LS 12 Q 13, lgh 160-1.
[80] Tá cuntas ar Ó Doraidhin (fl. 1830) in Ó Muirgheasa (1934: 299-300).
[81] Feic O’Sullivan (1924: 34-6).
[82] Feic Freeman (1920-1: 224-6), a bhailigh leagan Chorcaí ó Pheig Ní Dhonnchú, Baile Mhic Íre.
[83] Hardiman (1831: 304-9); Ó Máille agus Ó Máille (1905: 22-4).
[84] Tá leagan den amhrán seo (6 véarsa) ó ARÉ LS 3 B 38 (lgh 107-9) curtha i gcló in Ó Muirgheasa (1934: 330-2, 460) agus tá leagan eile (6 véarsa) a tógadh síos sna Stáit Aontaithe i ndeireadh an naoú céad déag in Mac a’ Bháird (1909: 27-8, 83-4). Tá leagan Theilinn (5 véarsa) agus an ceol a ghabhann leis curtha i gcló in Mac Seáin (1973: 66-7, 101-2) agus deirtear ansan go bhfuil an fonn céanna leis is atá le *Sliabh Liag* (n. 64 thuas). De réir ARÉ LS 3 B 38 castar é ‘air fhonn – Mhaillseach Bhaile Mhic Fágan’ (n. 65 thuas).

le galair dá chlaíomh gan faosadh,
preabann 'na shuí gan mhairg arís,
nuair chluineann sé fuinn a séise.

Translation: Unknown to people is music so charming,
as the mellow sweet music of Erin;
the grief from the heart it chases to the wind,
and returns no more to claim residence there.
He who is sick without strength or vigor,
harrassed [*sic*] by disease unabated,
starts to his seat without hurt again,
when he hears the strains of her music.[85]

I measc 'fuinn a séise', tugann an Cathánach os cionn cúig píosa is fiche a chuirtear ar fáil in ord aibítre anseo:

'A chailín bhig uasail na gruaige breá buí'[86]
'A dheartháir is díomá liom tu ' lua le mnaoi'
'A Mháire is deas do gháire'
'' ógánaigh óig má ghabhann tu an bóthar'[87]
'An Buachaillín Buí'[88]
'An Geanmnach Óg'
'Ar maidin Dé hAoine mo mhíle brón'
'Ar mo ghabháil ansúd siar 's mo ghadhair bheaga i m' dhiaidh'
'Cailín ag buaint luachra'
'Dia bheatha do shláinte a sháirfhir chóir'
'Dromanna na Mánla'[89]
'Geabhaigh me siar amárach'
'Is buachaillín óg me gan ór gan airgead'
'Is dealbh 's is uaigneach mo chuaird ar an dtaobh so'
'Is dílleachtaí gan ard me gan máthair gan athair'
''S é an baile seo toghadh na drocháite'
'Is mithid dósa trácht ar iarthar chontae an Chláir'[90]
'Maidean Cheo'
'Mo chreach is mo dhíth 's is cloíte an galar é an grá'

---

[85] ARÉ LS 12 Q 13, lch 166.
[86] Is é seo dara véarsa an amhráin dar tús 'I gCaisleán a' Bharraigh a chodail mé aréir' (4 véarsa) ar bailíodh leaganacha de, mar shampla, in Indreabhán, Co. na Gaillimhe, sa bhliain 1936 (Ó Con Cheanainn 2011: 53).
[87] Is dócha gurb ionann é seo agus an t-amhrán dar tús 'A ógánaigh óig dá siúlfá an ród liom' (8 véarsa) atá curtha i gcló in Ó Muirgheasa (1915: 80-2, 245-6) agus é luaite ansan le Niall Mac Cana.
[88] Mar le leagan den amhrán seo dar tús 'Is buachaillín deas óg mé a thug grádh geal do mhnaoí' (4 véarsa) a bailíodh in Indreabhán, Co. na Gaillimhe, sa bhliain 1936, feic Ó Con Cheanainn (2011: 26).
[89] LS *Dromanadh na manla*. Glacaim leis gur Dromanna, baile fearainn i mbarúntacht Inse Uí Chuinn, Co. an Chláir, atá i gceist; cf. *Dromanna*, amhrán molta ar áilleacht na dúiche seo (6 véarsa) a bailíodh in iardheisceart an Chláir sa bhliain 1934 (Gunn 1984: 92-3).
[90] LS *iathar chóntae chláir*

‘Na Dragúin Bhuí’
‘Nuair théimse féin go dtí an aonach’
‘Slán agus beannacht le buaireamh an tsaoil’[91]
‘Tá an Geimhreadh seo caite’
‘Tá mo shrian is mo dhiallait [ar iarraidh le tamall]’[92]
‘Tá teinneas i mo cheann’
‘Táimse i m’ chodladh’.[93]

Mar chríoch leis an gcuid seo den aiste aige, casann an Cathánach ar *genre* an amhráin trí chéile sa Ghaeilge:

> The poetry of many of our beautiful Songs is indeed already music, without the aid of a tune, the harmony of its cadences is so perfect ... the Irish language being remarkable in the cutting off by asperates [*sic*] of every sound that could improve the melody, and sweetness of its cadences and this too while strictly preserving the Etymology. But it is not in sound alone that Irish is peculiarly adapted to poetic composition, it is also possessed of a refined delicacy of descriptive power, and an exquisitely tender simplicity of expression. ... the ancient system of rhyming has been departed from in modern composition. The practice observed by the Poets of the last century in their lyric compositions was, to harmonize certain words in each line by observing the sounds of the vowels in the diphthongs and triphthongs of the Irish language.[94]

De réir thuiscintí an lae inniu, más ea, aithnítear sa sliocht thuas an tábhacht atá le fuaimeanna na teangan féin i bhfilíocht an amhráin. Aithnítear, leis, tábhacht an aicinn rialta agus fós an comhchoibhneas idir na hamais a chomhlíontar ó líne go chéile sa mheadaracht féin.[95] Tá, áfach, meathlú tagtha le blianta anuas, dar leis an gCathánach, ar mheadaracht an amhráin mar is léir, mar shampla, ó leagan Gaeilge de *Irish Melodies* Thomas Moore leis an Ardeaspag Seán Mac Héil.[96] Dá fheabhas é aistriúchán Mhic Héil, sampla slán is ea é den ‘stíl nua-aoiseach’ nach gcloínn le ‘feabhas an tseanchórais’. Mar thaca leis an áiteamh aige, cuireann Ó Catháin leagan Gaeilge ón Ardeaspag agus ó údar anaithnid de *The Minstrel Boy* i gcomparáid lena chéile mar aon le dhá aistriúchán Gaeilge den dán *Exile of Erin* leis an Albanach, Thomas Campbell. Tá de dheifir idir an ‘stíl nua-aoiseach’ agus ‘an tseanstíl chumadóireachta’ go bhfágtar ar lár ar fad an t-amas láir agus deiridh sa ‘stíl nua-aoiseach’ agus go gcailltear dá réir cáilíocht rithimeach na filíochta féin san áit gurb í an tréith shuaithinseach seo ‘an tseanchórais’ a dheimhníonn foirm agus rithim na filíochta.[97]

---

[91] Mar le leaganacha den amhrán seo a bailíodh i Ros Muc (4 véarsa) agus i Leitir Móir (7 véarsa), Co. na Gaillimhe, sa bhliain 1942 agus 1951, fá seach, feic Ó Con Cheanainn (2011: 121-2).
[92] Is é seo tús cúigiú véarsa an amhráin *Príosún Chluain Meala* (6 véarsa) i leagan ó Ros an Mhíl, Co. na Gaillimhe (Ó Con Cheanainn 2011: 166).
[93] ARÉ LS 12 Q 13, lgh 166-72.
[94] ARÉ LS 12 Q 13, lch 173.
[95] Breatnach (1983); Breatnach (1987: 59).
[96] Feic n. 28 thuas.
[97] ‘There is no harmony of words by observing the sounds of the vowels in the above lines ... which renders the singing unpleasant and harsh ... It will be observed that the words underlined in each line harmonize

AGALLAIMH AGUS LÚIBÍNÍ

Naoi gcinn de théacsaí a chuirtear ar fáil fén gceannteideal *Singing of Dialogues in Irish*. Amhráin oibre, nó amhráin saothair, i bhfoirm agallaimh nó lúibíní is ea iad seo ó cheart. D'ionramháiltí isteach iad san obair laethúil a bhíodh le cur i gcrích agus dob í an rithim ceoil – pé acu don duine aonair nó don meitheal féin é – ba thábhachtaí iontu.[98] Is mar seo a chuireann an Cathánach é:

> This melodramatic amusement is very popular among the female peasantry in Ulster and is also practised in parts of West Munster. These dialoges [*sic*] are sung in parts [of text] by the women while spinning, knitting, or sewing, etc., to some curious old Irish airs. The women assemble by appointment in certain houses to discharge the '*cómhar*' or mutual co-operation which they have agreed upon; but, in all cases, the work is cheerfully accompanied by a musical dialogue, one commencing the dialogue, another replying, usually, with the intervention of a chorus to afford time to prepare an extempore verse in succession. And thus the dialogue is prolonged by two long successive singers – praising or dispraising the young men, whose names are introduced, until they have all sung their parts to their own amusement, as well as to [that of] the rest of their audience.[99]

Scoraíocht de shaghas ar leith a bhí i gceist anseo, mar sin, nuair a thagadh na mná le chéile chun sníofa agus cardála nó chun cniotála agus fuála; bhainidís ó dhéine agus ó leamhas na hoibre a bhíodh idir lámhaibh acu tré ócáid ghrinn a dhéanamh aisti. Is iad na hocht gcinn de shamplaí, fara na poirt a ghabhann leo i ngach cás, a thugann Ó Catháin ná: (i) *Dúnadán dorcha donn*, (ii) *Lúithrín ó lúthra is a lúthra láthra*, (iii) *Bí liom bí*, (iv) *Im bím bobaró*, (v) *Maileo néró*, (vi) *Lúthra lúthra nó ná lúthra*, (vii) *Cuirimse chugat an sealbhán seó* agus (viii) *Óró chumainn ghil íoró ghille ghil*.[100]

Críochnaíonn an chuid seo den aiste le hamhrán crúite dar teideal *Crónán na mbó – The cow chant* (6 véarsa) mar a bhfuil an crúiteoir ag cur na bó ar a suaimhneas d'fhonn is go dtálfadh sí go rábach.[101] Cuireann an t-údar in úil gurbh iad na mná a déarfadh an t-amhrán crúite seo in Ultaibh, agus fós, 'it was well known among the peasantry that some cows would not give their milk except they were thus serenaded'.[102] Leantar den nós seo fós i gceantair 'iargúlta' in iarthar Éireann, deir sé.

---

with each other in sound, which make the melody exquisitely agreeable to the singer, besides adding to the smoothness and sweetness of the tones', ARÉ LS 12 Q 13, lgh 176, 177.

[98] Mar leis an gcineál féin, feic Ó Madagáin (2005: 25-34).

[99] ARÉ LS 12 Q 13, lch 186.

[100] ARÉ LS 12 Q 13, lgh 186-94, curtha i gcló in O'Sullivan (1924: 37-47). Chuir 'Frank Keane', i.e. údar na haiste atá fé chaibidil anseo, leaganacha eile ceoil ar fáil do George Petrie chomh maith de *Dúnadán dorcha donn*, *Lúithrín ó lúthra is a lúthra láthra*, *Bí liom bí*, *Im bím bobaró* agus *Cuirimse chugat an sealbhán seó*, i.e. uimhreacha 1,174, 1,175, 1,366, 1,367 agus 1,172, fá seach, in Stanford agus Petrie (1902-5); cf. Cooper (2002: 246-9).

[101] ARÉ LS 12 Q 13, lgh 194-5. Tá an téacs seo Uí Chatháin agus an fonn a chuir sé ar fáil, chomh maith le haistriúchán Béarla ar fáil in O'Sullivan (1922: 13-15); cf. Ó Madagáin (2005: 56-7).

[102] ARÉ LS 12 Q 13, lch 194.

SCÉALTA, TOMHAIS AGUS SEANFHOCAIL:

Tá mórán scéalta fós á n-aithris oícheanta Geimhridh dar leis an gCathánach 'at the houses of persons devoted to the ancient literature, who assemble their neighbours and friends to listen and applaud'.[103] Is iad na scéalta is coitianta a raibh éileamh ag an gnáthphobal an uair sin orthu ná:

An Ceannaí Fionn
An Ceannaí Óg Éireannach
An tÚll Óir
Brisleach Mhór Mhaighe Muirtheimhne
Bruidhean Chéise Corrain
Bruidhean Eochaidh Bhéildeirg
Bruidhean Mhór na hAlmhaine
Cath Gabhra
Cath Tulaigh na nEach
Collach Mór Shléibhe Fuaid[105]

Conán agus Piast Loch Deirg
Conán Maol agus Cailleacha Thuatha Dé Danann
Conall Gulban

Deargruathar Conaill Chearnaigh
Eachtra Bhodaigh an Chóta Lachtna
Eachtra Chloinne Rígh na hIoruaidhe
Eachtra an Fhiolair
Eachtra Iollainn an Airmdheirg
Eachtra mhic an Fhiolair
Eachtra Thriúr Chloinne Rígh na hIndia

Éamann mac Cheorais
Éamann mac an Úill Deirg
Fathach Mór na gCúig gCeann
Feis Tighe Chonáin Chinntsléibhe
Gaol Fhinn le Sceolan agus Bran
Giolla na gCochall
Leadairt[104] na bhFear Mór
Oidheadh Chloinne Lir
Oidheadh Chloinne Tuireann
Oidheadh Chloinne Uisnigh
Macaomh Mór mac Rígh na hEaspáinne
Madra Bán na nOcht gCos
Meadhbh Chruachain

Na Trí Domhnaill i dTigh Dhomhnaill
Saibhreas Chormaic mhic Airt
Seilg Mhór Shliabh Luachra
Scian Bheag na Ranna
Scéal na gCailleach
Scrios na Troí
Tón Iarainn gan Tapa
Tóraigheacht Dhiarmada agus Ghráinne
Tóraigheacht Shaidhbhe Inghine Eoghain Óig.[106]

Tá mórán scéalta i dtaobh Naomh Pádraig fós ann i measc an ghnáthphobail, a deir an Cathánach, ina measc scéal amháin a bhí coitianta in Ard Mhacha mar gheall ar an lóistín oíche a fuair an Naomh ó shagart paróiste éigin. Á mheas go bhfásfadh an féar go tiubh ar aon phaiste talún a siúlfadh an capall air, chuir an sagart ordú ar a fhear oibre an capall a chur ag obair ina pháirc i gcaitheamh na hoíche ar fad. Nuair a fuair an Naomh ainmhí traochta roimhe an mhaidin dár gcionn, gheall sé go leanfadh tréith na sainte de chléir Chaitliceach na hÉireann as san amach.

---

[103] ARÉ LS 12 Q 13, lch 177.
[104] LS *Laideart*
[105] LS *Fuaidh*
[106] ARÉ LS 12 Q 13, lgh 177-80.

Tá an pobal — go háirithe na mná — an-cheanúil ar thomhais a chur amach ar a chéile. Ocht gcinn fhichead ar fad a chuireann Ó Catháin ar fáil, ina measc, mar shampla:

> Ceist: Chím chugam tríd an sáile, fear áilne na gréine is snáithe breá dearg as bhrollach a léine? Freagra: Gliomach.
> Ceist: Poll do shloigfeadh na domhanta is na táinte, 's ní thigeann as oiread is gráinne? Freagra: An uaigh.
> Ceist: Bean óg uasal ag scuabadh caisleáin, gan craobh gan scuab gan cuaille ná gartán?[107] Freagra: An ghaoth.
> Ceist: Cómh hard le balla, cómh bán le bainne, cómh milis le mil cómh dearg le fuil is bíonn sé dubh 'na dhéidh sin? Freagra: Sméar dubh.
> Ceist: Bíonn sé thoir is bíonn sé thiar is bíonn sé ag gach iarla ar a chuid? Freagra: Salann.
> Ceist: Bain ainm fir as ruibe i mbarr caisleáin? Freagra: Riobárd.
> Ceist: Bain ainm fir as blúire geire is fóidín móna. Freagra: Gearóid.
> Ceist: Is bocht lag mo cholainn 's is caol beag mo mhéar, 's dá mbeadh feidhm leis, bhronnfainn fiche céad? Freagra: Peann.
> Ceist: Is gearr do bhím i mbroinn agus is láidir do labhraim, ní bhím i bhfad ar a' saol, is mharóinn fear i m'fheirg. Freagra: Piléar as béal gunna.[108]

Liosta le háireamh eile is ea an céad éigin seanfhocal gonta, deisbhéalach a thugtar, a leithéidí seo:

> An té ná bíonn an t-ádh ar maidin air ní bhíonn sé air tráthnóna
> An luibh ná faightear is í d'fhóireas
> An rud ná goidtear faightear
> An té ' bhíonn amuigh fuarann a chuid
> An rud ná hairíonn an chluas ní chuireann sé buairt ar a' gcroí
> Bíonn sonas i ndiaidh na sraoilleála
> Cuir an tsrathar ar a' gcapall cóir
> Ceann mór acht beagán céille
> Cac in am tráth
> Dá fhaid é an t-ól is tart a dheireadh
> Fear ag ól is a bhróga briste
> Gaoth aniar bíonn sí fial is cuireann sí iasc i dtíortha
> Gaoth anoir bíonn sí treis is baineann sí troigh don mhínmhuir
> Gaoth aneas bíonn sí tais is cuireann sí rath ar shíolta
> Gaoth aduaidh bíonn sí cruaidh is baineann sí uain as caoire
> Is maol guala gan bráthair
> Is maith an tiománaí an té bhíonn ar an gclaí
> Is trom an rud cearc i bhfad
> Leigheas gach bróin cómhrá
> Más maith leat a bheith buan glac fuar agus teith

[107] LS *giortán*
[108] ARÉ LS 12 Q 13, lgh 183-5.

Ná caith an t-uisce salach amach go mbeidh an t-uisce glan istigh
Ní ghabhann cosa tiorma iasc
Tar éis do thuigtear gach beart
Tuigeann fear léinn leathfhocal.[109]

MÚINEADH NA GAEILGE, FILÍ AGUS CAINTEOIRÍ SEIFTIÚLA:

Áitíonn Próinsias Ó Catháin go mbeidh fuar ag slánú na teangan muna múinfear scileanna litearthachta don ghnáthphobal. Bac an-mhór is ea é, dar leis, nach bhfuil an tAifreann á cheiliúradh sa teanga a thuigeann daoine. Fairis sin, tá easpa mhór múinteoirí Gaeilge ann; níl an fhriotháilt cheart á déanamh ar an gcoitiantacht tré leabhair shimplí bhunúsacha a chur ar fáil a spreagfadh chun léitheoireachta iad; agus, d'ainneoin iarrachtaí an *Irish Society for Promoting the Education of the Native Irish through the Medium of their Own Language*, ní leor é an teagasc scrioptúrtha amháin.[110] Bíodh san mar atá, cé go bhfuil meath tagtha, deir sé, ar sheanmóireacht as Gaeilge le caoga bliain anuas, cabhraíonn baill aonair áirithe den chléir (idir Phrotastúnaigh agus Chaitlicigh) le slánú na teangan tré sheanmóintí a thabhairt as Gaeilge — 'for knowledge is more thoroughly appreciated, and truth more firmly implanted, when conveyed in the language of the hearts and affections of the people'.[111] Rud eile dhe, níl ach an-bheagán filí i mbun ceapadóireachta as Gaeilge:

> The great ignorance of Irish literature which pervades the several districts in Ulster, in which the Irish tongue is spoken, has, to a great extent, debarred the prospect of any spirit for Irish composition being reviewed among the people; hence, the scarcity of Irish poets is attributed to the neglect which has befallen the native tongue.[112]

Ar a shon san is uile, áfach, bhí ealaín chruthaitheach de shaghas eile á saothrú agus í sin ag an dream a dtugann Ó Catháin 'improvisors' orthu. Baill den ghnáthphobal nach raibh léamh ná scríobh acu iad seo, ach é de bhua acu an ciúta pras, searbhasach, go minic i bhfoirm mallachta, a scaoileadh uathu. Tagraíonn an t-údar don ómós forleathan a bhí riamh i measc Gaeilgeoirí don léasadh teangan a thabharfadh daoine dá sórt. Dar ndóigh, bhain a leithéid le ceantair Ghaeltachta i mbaill eile chomh maith. Cuimhnítear anseo ar Thomás Ó Criomhthain a chuir lá oibre i leataoibh nuair a loirg file an Bhlascaoid Mhóir, Seán Ó Duinnshléibhe, a chomhluadar agus, fé mar a chuir sé féin é, 'do thuigeas mara mbeadh an file baoch díom go ndéanfadh sé leibhéal orm ná beadh ar fónamh'.[113] Agus, tá iarmsa an mheasa chéanna fanta sa Ghaeltacht anuas go dtí ár linn féin 'ar an nGaeilgeoir maith, agus ar a chruachainteanna'.[114]

Sampla fíochmhar is ea an mhallacht ó bhéal a chuir fear ar bhean tí sprionlaithe éigin a dhiúltaigh ar dheoch bhainne é:

---

[109] ARÉ LS 12 Q 13, lgh 195-200.
[110] ARÉ LS 12 Q 13, lgh 200-3.
[111] ARÉ LS 12 Q 13, lgh 210-11.
[112] ARÉ LS 12 Q 13, lch 203.
[113] Ó Coileáin (2002: 102).
[114] Denvir (1989: 201-2).

A lampa do chaile chanránach, amplach, dhrantánach, ghortach,
dhealbh, chantalach, uchlánach, mhantach, bhothánach, bhacach,
a bhfuil do ghuaille gharbh, chiarsánach, is téadan cnocánach, cúinneach;
tá tu géarghothach, milleánach, craosach, drannach, lúbach,
míbhéasach, mustarach, maíteach, iomarcach, múchtach,
borb, míchuíosach, cuirceach, salach, toirtíneach, tútach.[115]

Tá sé seo chomh binibeach de racht agus a raibh le cur dá chroí de ag Dáibhí Ó Bruadair dhá chéad éigin bliain roimhe sin nuair a fuair seisean an t-eiteachas ó thabhairneoir mná![116] I sampla eile ag an gCathánach, thógas ceann fé leith de dheisbhéalaí mná óige a bhí á cháiseamh nach dtagann an fear is suim léi ar cuaird chomh minic céanna chuici is a thagann an fear nach suim léi in aon chor, agus den bhfreagra a bhaineann an bonn dá cáiseamh:

Ag seo í sláinte minic do shuigh,
sláinte agus saol chum annaimh do shuigh,
dob fhearr liomsa gurbh é annamh do shuigh,
's do shuífeadh cóimh minic le minic do shuigh.

Ag seo í sláinte chumainn ghil,
is sláinte is saol chuma liom
is muna bhfuil cumann dom,
dar fiadh is cuma liom.[117]

Go deimhin, tá a mhacasamhail de shampla tagtha anuas i nGaeilge Chléire sa lá atá inniu ann:

Seo chun do shláinte a mhinic a thig;
seo chun do shláinte a mhinic nach tig;
's é mo dhíth is mo ghoid nach é minic nach tig
a thigeann níos minicí ná minic a thig![118]

AN CAOINEADH:
Más é staid na teangan agus na litríochta i gCúige Uladh is cás le húdar ár n-aiste, tá an chuma ar an bplé ar an gcaoineadh go bhfuil sé ag tarrac ar a chuid eolais ar Chúige Mumhan agus ar a chontae dúchais, An Clár, seachas ar chúinsí in Ultaibh *per se*. Go deimhin, ní le Cúige Uladh amháin a bhaineann an méid seo:

---

[115] ARÉ LS 12 Q 13, lch 204.
[116] *Seirbhíseach seirgthe íogair srónach seasc* (4 véarsa) in de Brún, Ó Buachalla, Ó Concheanainn (1986: 54).
[117] ARÉ LS 12 Q 13, lch 204.
[118] Táim buíoch de m'athair, Roibeárd Ó hÚrdail, as leagan Chléire a thabhairt dom.

> The old custom of mourning over the dead has been still practised in remote districts of Ulster; but the Clergy of the Roman Catholic Church, some years ago, set themselves in opposition to it everywhere in Ireland, where it had been practised, which they denounced as a remnant of heathenism. The singing of religious hymns at funerals has been substituted by the Protestants of Ulster for the old '*caoine*', and whatever may be the case at wakes, hymns alone are now sung at funeral processions in lieu of the old custom.[119]

Tugann an Cathánach dhá sholaoid mar aon leis an gceol a ghabhann leo. An chéad chaoineadh acu seo, tá naoi véarsa ann a thosnaíonn le:

> A Sheáin de Búrc mo dhíomá féin tu!
> A bhuineáin úir mo leannán gléigeal!
> Tóg do cheann go n-innsighead scéal duit,
> gur bean gan mac gan fear dá chéile.
>
> Do shiúlas leat tré bhog is tré chruatan,
> is tré thuile na bhfairrgí móra,
> is do chuas chum tíre is cuain leat,
> is mo mhíle mairg mar chuas aon uair leat![120]

Caoineadh Muimhneach go háirithe is ea é seo, agus i measc na leaganacha de atá againn tá dhá cheann luaite le Máire Bhuí Ní Laoghaire ó Mhúscraí.[121] Sa chéad insint, dar tús 'A Bhúrcaigh óig ón gCéim', caoineann an file mná bás a mic, agus sa dara ceann a thosnaíonn le 'A Sheáin de Búrc, mo chumha trím aeibh thu', is iad guth caointe bhean an fhir mhairbh agus guth cáinte a máthar a dhamnaíonn baothchaint a hiníne atá le clos in éineacht.[122] Díol suime fé leith is ea insint eile ar an gcaoineadh céanna a bailíodh i nDúlainn, Co. an Chláir, sa bhliain 1932, ach go raibh sé cloiste ag an bhfaisnéiseoir trí fichid bliain roimhe sin, i.e. taca an ama chéanna a raibh an Cathánach ag obair ar a aiste ar Chúige Uladh.[123] An beagán blianta a fhágaint as an áireamh idir leagan na Dúlainne agus an leagan i LS 12 Q 13, tá macallaí láidre eatarthu sa tslí gurb é is dóichí ná a chéile go raibh an t-údar fé anáil a chúlra dúchais Mhuimhnigh sa chuid seo den aiste ar Chúige Uladh aige.

Máirseáil Alastraim / *Alexander's March* is teideal don dara solaoid a chuireann an Cathánach fé bhráid an léitheora. Cath a tharla i gCnoc na nDos (Knocknanuss) ar chongar Mhala i Samhain na bliana 1647 is ábhar di seo. Buadh go tubaisteach ar Alasdar Mac Domhnaill (*alias* MacColla) agus ar a arm ó Gharbhchríocha na hAlban nuair a

---

[119] ARÉ LS 12 Q 13, lch 205.
[120] ARÉ LS 12 Q 13, lgh 206-7; tá téacs Uí Chatháin agus an ceol a ghabhann leis, chomh maith le haistriúchán Béarla i gcló in O'Sullivan (1922: 15-17).
[121] Mar le Máire Bhuí (ob. c. 1849), feic Ní Úrdail (2002).
[122] Ó Donncha (1931: 51-5, 74). Tá leagan breá Múscraíoch den gcéad insint thuas ag Cáit Ní Mhuimhneacháin ó Ghaorthadh na Péice, Béal Átha an Ghaorthaidh, ar an dlúthdhiosca *An joga mór*. *Seannós singing from County Cork. Amhráin Cháit Ní Mhuimhneacháin* (RTE / RBÉ, 2001).
[123] Ó Duilearga (1939).

throideadar ar son lucht na Comhdhála Caitlicí sa Mhumhain fé stiúir an Bhíocunta Theobald Taaffe.[124]

Is léir óna theideal, gan dabht, gur mháirseáil a bhí ann i dtús báire agus bhíodh an-tóir ag píobairí in Éirinn air mar phort.[125] Tháinig Edward Bunting ar leagan de a fuair sé ó phíobaire i gCathair na Mart sa bhliain 1802.[126] Ar a shon san, bhí eolas forleathan ar an bport i gCúige Mumhan go speisialta, agus tá sé luaite ag Charles Smith, mar shampla, ina chuntas staire ar Chorcaigh ón ochtú céad déag.[127] 'That wild and monstrous piece of music known by the name of Ollistrum's March, so popular in the south of Ireland', a thug Thomas Crofton Croker air nuair a d'fhoilsigh sé leagan den bport ina leabhar *Researches in the South of Ireland*.[128] Mheas an Canónach James Goodman ón nDaingean, bailitheoir cáil ceoil sa naoú céad déag agus píobaire oilte, leis, go raibh téacs Croker an-mhíchruinn, agus sa bhliain 1862 bhreac sé féin síos leagan den bport a chuala sé á chasadh ag píobairí Chiarraí ag an am.[129] Ní miste a lua, leis, go bhfuil sleachta den bpíosa céanna seo ar taifead ar shorcóir céarach ón bpíobaire mór le rá, Micí 'Cumbá' O'Sullivan ó Uíbh Ráthach, agus é sin fiche éigin bliain tar éis don gCathánach a aiste a chur i gcrích.[130]

Tá téacs Uí Chatháin ar an gceann is faide atá tagtha anuas inniu chugainn agus foilsíodh é seo cheana dhá scór éigin bliain ó shin.[131] Píosa aithrise i dteannta an cheoil atá in *Máirseáil Alastraim* le ceart; fógraíonn an píobaire ó bhéal na gníomhartha éagsúla atá á léiriú sa cheol féin. Tá téacs LS 12 Q 13 eisceachtúil, áfach, mar go gcríochnaíonn sé leis an gcaoineadh ar bhás an ghaiscígh a dhein a bhean agus a bhanaltra:

> Séideann an galltrumpa ag tabhairt na bhfear chum catha. Ag fanacht le hordú roimh catha [*sic*]. Alastram ag liú ag iarra[i]dh cabhra. Ag máirseáil chum faiche an chomhraic. Ag fuireacht le hórdú catha. Buail is gear[r], buail is gearr, is ná fág aon neach beo.
>
> Anois do bhíodar uile marbh acht aon fhear amháin do goineadh is do chuaigh Alastram tríd an ár d'fhéachaint a' raibh fear ar bith 'na bheatha d'ardódh lámh 'na choinne, is ní raibh aon. Ansan do thug a each go dtí sruith chum deoch d'ól is ag cromadh síos do ar ghualain[n] an eich do thug an fear do bhí gonta de lucht na heascairde sí iontach i leith a dhroma do Alastram gur thuit sé marbh.

---

[124] Stevenson (1980: 249-56); Ó Siochrú (1999: 157-8).
[125] Breathnach (1989: 2, 13-14, 135); Vallely (1999: 228-9).
[126] O'Sullivan agus Ó Súilleabháin (1983: 161-2).
[127] 'There is a very odd kind of Irish musick, well known in Munster, by the name of Mac-Allisdrum's march, being a wild rhapsody made in honour of this commander, to this day much esteemed by the Irish and played at their feasts &' (Smith 1774[2]: 162 n. 76). Dhá imleabhar atá sa saothar seo Smith a foilsíodh i gcéad uair sa bhliain 1750, agus tháinig an dara eagrán agus eolas breise ann amach sa bhliain 1774.
[128] Croker (1824: 116-17).
[129] Breathnach (1967-70: 38, 43, 79-84). Duine de mhórphíobairí Chiarraí ab ea James Gandsey (1769-1857) a chuaigh i bhfeidhm go mór ar chuairteoir ó thuaisceart na tíre nuair a sheinn sé 'a remarkable piece of music, highly popular in the south, and known by the title of 'Ollistrum's March' (Breathnach 1982-5: 6-7).
[130] http://www.cl.cam.ac.uk/~rja14/music/index.html; táim buíoch de Chormac Cannon as an eolas seo. Tá sé ráite gur le O'Sullivan (ob. 1916) a tháinig deireadh le traidisiún na píobaireachta i gCiarraí (Breathnach 1982-5: 24-7).
[131] Breathnach (1967-70: 39-42).

Tá na mná dá lorg i measc na marbh. Táid na cloig ag bualadh. Adeir na mná ní hé seo é – ní hé siúd é.
Caoineadh mná Alastraim.
Caoineadh na mná Ultaí[132] – banaltra mná Alastraim.[133]

FOCAIL THEICNIÚLA AGUS IASACHTAÍ:
Ina thuairisc ar fhocail theicniúla sa Ghaeilge, cuireann an Cathánach aon fhocal déag is daichead ar fáil i bhfoirm liosta, fara aistriúchán Béarla i ngach cás. D'fhoilsigh T.F. O'Rahilly an liosta seo trí fichid éigin bliain ó shin á rá sa réamhrá a chuir sé leis gur dócha go raibh an t-údar ag tarrac ar Ghaeilge a áite dúchais in iardheisceart an Chláir.[134] Go deimhin, thóg an Rathailleach ceann fé leith de na focail seo thíos mar go rabhadar liostáilte chomh maith in aiste an údair chéanna ar Chúige Mumhan:

baricinn [= barraicín / bairricín] 'a toe piece';[135] *butún* 'an instrument used by smiths in preparing horses' hoofs to be shod';[136] *cinn fhearainn* 'the heads of ridges';[137] *cloch uchta* 'a shoemaker's lapstone'; *dartaire* 'a thick sod used in making ditches';[138] *droilléim* [*sic*][139] 'a rope to which a fishing boat and net are attached'; *lámhchláir* 'the part of a loom in which the reed is kept';[140] *slat chnis* 'a lace-rod in a weaver's loom'; *slat réitigh* 'a rod used to clear the warp of the loom';[141] *téad chinn* 'a rope attached to a fishing net from one end of which is suspended a weight, while a cork keeps the other afloat'.[142]

In ainneoin cosúlacht a bheith idir an dá aiste, is áirithe go bhfuil fianaise luachmhar curtha ar fáil san aiste ar Chúige Uladh, agus ní miste an fuíollach i liosta an údair a thabhairt in ord aibítre anseo:

ataoinnteáil[143] 'the joining of two threads together in spinning'
arbhar stothbhuailte 'corn when first threshed'

---

[132] LS *olltaigh*
[133] ARÉ LS 12 Q 13, lgh 208-9; cf. Breathnach (1967-70: 42).
[134] O'Rahilly (1950: 305-7).
[135] = 'a little piece on the top of a shoe' in aiste Uí Chatháin ar Chúige Mumhan (ARÉ LS 12 Q 13, lch 125). 'Caipín ar ualach móna' an bhrí a bhí le *barraicín* i nGaeilge iarthar Luimnigh (Breathnach 1946: 203; cf. Ó Snodaigh agus Ua Súilleabháin 1997: 523).
[136] Mar leis na leaganacha *butúr*, *butún*, *botún*, *budún* sa chéill 'scian phárála gabha', feic de Bhaldraithe (1967: 61-2). Is cosúil gurb é *botúr* an leagan is sine sa Ghaeilge agus gurb é an tSean-Fhraincis *bouteur*, *butour* nó an Meán-Bhéarla *butour*, *bot(o)ur* a bhunús.
[137] An bhrí chéanna a bhí ag *cinn fhearainn* i gCorca Dhuibhne chomh maith (Ó Dubhda 1943: 7). 'A passage between ridges' an míniú a ghabhann le *cinearuin* [= cinn fhearainn] in aiste an Chathánaigh ar Chúige Mumhan (ARÉ LS 12 Q 13, lch 125).
[138] DIL s.v. *dartaire*, 'square sods used for building sod fences and graves of the Múr kind where stones could not be obtained'.
[139] *druiléimh* atá san aiste ar Chúige Mumhan (ARÉ LS 12 Q 13, lch 125).
[140] = 'handboard' san aiste ar Chúige Mumhan (ARÉ LS 12 Q 13, lch 125).
[141] = 'readying rod' san aiste ar Chúige Mumhan (ARÉ LS 12 Q 13, lch 125).
[142] ARÉ LS 12 Q 13, lgh 211-12.
[143] LS *ath-inntéil*

beadaí[144] 'a term used in calling geese'
béitéil 'ground the surface of which is burnt up'[145]
bonn tosaigh 'an insole in a shoe'
breacaire 'an instrument for puncturing millstones'[146]
colpa 'the stick or part of the flail held by the thresher'
crann tochrais[147] 'a winding blade used for winding thread'
cromnasc 'a spancel which ties the head and foot of a cow together'[148]
cúb 'the part of a querin [*sic*] into which the corn is put for grinding'[149]
cúlrata 'a wrafter [*sic*] extending from the gable-end of a house to the roof'
deise, *deise* 'a term used when directing cattle to the right side or way'
dlúth 'the chain or warp of a piece of yarn'[150]
dul ar deiseal 'to go to the right side or way'
dul ar tuathal 'to go to the contrary side or way'
eiric raimhne[151] 'the threadle [*sic*] of a spade'
finic, *finic* 'a term used in calling ducks'
fiollaí rotha 'the rims of a wheel'[152]
fuinneamh 'word used to indicate twisting'[153]
garmain éadaigh 'the cloth beam in a weaver's loom'[154]
garmain tsnáth 'the yarn or thread beam in a weaver's loom'
garmain uchta[155] 'the breast beam in a weaver's loom'
grogadh mhóna[156] 'footing turf'
grogán 'footing or stacking'
imleacán[157] 'the block in a wheel into which the spokes are driven'
léanartach 'a word used for tanning leather'[158]

---

[144] LS *beaduighe*
[145] < *beat* an Bhéarla (O'Rahilly 1950: 305); cf. OED s.v. *beat* (dara leama), 'to slice off the rough sod from uncultivated or fallow ground, with a beat-axe or breast-plough, in order to burn it, for the purpose at once of destroying it, and of converting into manure for the land'.
[146] Feic DIL s.v. *breccaire* mar a dtugtar an míniú thuas leis an gCathánach chomh maith le 'quern-picker' as foclóir Gaeilge-Béarla a chomhChláirínigh, Peadar Ó Conaill (1755-1826).
[147] LS *crann-tocrais*
[148] LS *crom-neasg*; cf. Dinneen s.v. *crobh-nasc* (al. *cor-nasc*), 'a binding chord; a cow's tether binding foreleg and horn'. Ceithre shaghas ceangail a chuirfí ar ainmhí i nGaeilge Chorca Dhuibhne, mar atá 'laincis nó laincide, seithre, ruchall (.i. urchall) agus crobhnasc' (Ó Dubhda 1943: 25). 'Adharca agus cos tosaig' is ciall le *crobh-nasg* / *cor-neasg* i gcanúint Mhúscraí (Ó Cuív 1947: 71 n. 4).
[149] Cf. Dinneen s.v. *cúb* (dara leama), 'a wooden plug in the under millstone to recline the pivot'.
[150] Feic DIL s.v. 2 *dlúth*, 'warp, thread'.
[151] LS *rainne* i.e. /ran'ə/.
[152] LS *fuilidhe*; < *felloe* an Bhéarla (O'Rahilly 1950: 306); cf. *fiolaí* i gCorca Dhuibhne '.i. adhmadaí cama an rotha; bíd i bhfuirm chearcaill ar cheannaibh na righeacha agus an fúnnsa iarainn timcheall ortha' (Ó Dubhda 1943: 18).
[153] Feic DIL s.v. *fuinnem*
[154] Feic DIL s.v. *garman*, 'a weaver's beam'.
[155] LS *garmain-ucda*
[156] LS *mhúnadh* le /u:/ in aice leis an gconsan srónach, i.e. /vu:nə/ ag an gCathánach; tá an éagsúlacht chanúna tabhartha i bhfoclóir an Duinnínigh s.v.v. *cruiceadh*, *gruaigeadh*.
[157] LS *iomliocán*
[158] LS *leathnartach*; feic Dinneen s.v. *néalfhartach* (al. *néanartach*, *néallartach*, *néanfhartach*, *léanartach*), 'the plant tormentil', a úsáidtear, i measc rudaí eile, chun leathar a dhathú agus a leasú.

léirigh an líon 'cleave[159] the flax'
maide boilg 'a stick or bar put to a door to keep it fast'
míolaire 'the peg of wood fixed in the lower stone of a querin [*sic*]'[160]
tálchúil 'an adze'[161]
snaidhm cheann méire 'a tailor's knot'
snaidhm reatha 'a running knot'
suaine 'a rope to which a fishing net and corks are attached'[162]
suc, suc 'a term used in calling cows'
tadhall[163] 'the handfull [*sic*] of corn which the reaper takes in his hand'
talamh rianta 'land fit for tillage'
taobhán 'a stick or lath crossing the wrafters [*sic*] of a house'
teanchair 'a smith's tongs'[164]
tiubhthaois 'the middle part of a basket through which a rope is put to carry it'
tiuc, tiuc 'a term used in calling hens'
úim 'a weaver's gears'[165]

As an dá scór focal, arbh í an Ghaeilge a mbunús, dar leis an údar, ach a bhfuil Béarlú déanta anois orthu, níorbh fhéidir dáiríribh glacadh ach leis na cúig cinn seo a leanas: *bairín breac* 'barrinbrack [*sic*]', *breac* 'brack', *bóithrín* 'boreen', *bard* 'bard' agus *loch* 'lough'.[166] Áiríonn an Cathánach *bróg* 'brogue' anseo chomh maith ach nuair a chuirtear áiteamh an Aimhirgínigh sa mheá gurbh ón tSean-Lochlainnis ó bhunús don bhfocal Gaeilge féin, níl gnó anseo aige.[167] Maíonn an t-údar gur sine na teangacha Ceilteacha ná an Laidin, gurbh ón gCeiltis a shíolraigh teangacha eile, an Laidin ina measc, agus fós an méid seo ina bhfuil sé ag dul thar a riocht arís:

> [William Kirby] Sullivan in his 'Lecture on the origin of Language' states the names of the ancient and primitive dialects from which all languages, notwithstanding their number and diversity, have descended, and among them, of equal antiquity, the Celtic language, which was carried into Europe by the

---

[159] LS *Clove*
[160] Sean-Ghaeilge *milaire*, 'pivot-stone (?)' < Laidin *miliarium*, 'mile-stone, central column of wine-press oil-mill', a luaitear i dtéacs dlí Sean-Ghaeilge ar thochsal (Kelly 1997: 485).
[161] LS *sál-chúil*, i.e. (*an*) *tál* á shamhlú ag an gCathánach mar (*an*) *tsál*, ní foláir. *Tál cúil*, 'a back or one-edged adze', atá i bhfoclóir an Duinnínigh; cf. Ó Dónaill s.v. *tál* agus de Bhaldraithe s.v. *adze = tál*. Bhí an tál ar cheann de na huirlisí ba thábhachtaí d'aon fheirmeoir rathúil i sochaí na Sean-Ghaeilge. Luaitear é sa téacs dlí Sean-Ghaeilge ar stádas dar teideal *Críth Gablach*, mar shampla, agus in *Táin Bó Fraích* tá sé ar cheann de na huirlisí a úsáidtear chun feoil samhaisce a ghearradh chun stobhaidh (Kelly 1997: 485, 491, 496).
[162] Sean-Ghaeilge *súaine*, *súainem*, 'rope, cord, string' (DIL s.v.v.).
[163] Tagraíonn O'Rahilly (1950: 306) don litriú *teidhal* a bhí ag an Athair Peadar Ua Laoghaire in *Mo Sgéal Féin*, i.e. 'Bhí fhios agam an 'mó dias a dhéanfadh teidhal agus an 'mó teidhal a dhéanfadh dornán, agus an mó dornán a dhéanfadh punan' (Ua Laoghaire 1915: 70); cf. Dinneen s.v. *teadhall*.
[164] LS teannchuir; Sean-Ghaeilge *tenchor*, 'tongs, pincers, forceps' (DIL s.v.). Mar le *tenchor crainn*, 'wooden tongs' agus *tenchor iairn*, 'iron tongs', agus luach na n-uirlisí feirme seo i sochaí na Sean-Ghaeilge, feic Kelly (1997: 500-1).
[165] ARÉ LS 12 Q 13, lgh 211-12.
[166] ARÉ LS 12 Q 13, lch 213.
[167] Bergin (1942: 237).

> descendants of Japhet. The language of the first Japhethic migration (the original inhabitants of Europe) was Celtic, dialects of which exist to this day, namely, the ancient British or Welsh, the Cornish, Armorican, Irish, Gaelic, and Manx.[168]

Ní ghlacfaí leis seo inniu, gan dabht, ach ní mór dúinn a chur san áireamh fós féin go bhfuil dhá thuiscint á n-ionramháil isteach ina chéile ann, ceann amháin acu ó fhinscéal bunúis de réir *Leabhar Gabhála Éireann* (a raibh a mhacalla in *Foras Feasa ar Éirinn*) a d'áitigh gurbh ón mac seo Naoi a shíolraigh pobail na hEorpa.[169] Baineann an dara tuiscint *mutatis mutandis* le teangeolaíocht chomparáideach an naoú céad déag a d'áirigh brainse na dteangacha Ceilteacha i measc bhrainsí eile teangacha a shíolraigh ó theanga shinseartha ar ar tugadh an Ind-Eorpais.

Is léir, leis, ón bpíosa thuas go raibh cur amach ag an údar ar William Kirby Sullivan a raibh suim fé leith sa teangeolaíocht chomparáideach aige.[170] Sa bhliain 1863, tháinig a leabhar *Celtic Studies* amach ina bpléann sé fréamhacha, tamhain agus díorthaigh mar aon le samplaí Gréigise, Laidine agus Gotaise, i dteannta le haistriúcháin a sholáthar ar obair an Ghearmánaigh Hermann Ebel ar dhlíthe fuaime agus ar fhoclóireacht na Ceiltise.[171] Tá cáil ar Sullivan thar aon ní eile laistigh de ghort an Léinn Cheiltigh, áfach, toisc gur réitigh sé *On the Manners and Customs of the Ancient Irish* Eoghain Uí Chomhraí don chló. Nuair a tháinig an saothar san amach sa bhliain 1873, bhí réamhrá cuimsitheach i bhfoirm imleabhair iomláin ón bhfear eagair féin mar ar bhreac sé amach conas mar a aithníodh an Cheiltis mar bhrainse Ind-Eorpach ann féin.[172]

Filleann Ó Catháin ar a raibh le rá i dtús na haiste aige mar gheall ar an nGaeilge a bheith fé bhrú ón mBéarla, ach admhaíonn sé sa chuid dá chuntas gurb í an teagmháil féin idir an dá theanga is cúis le gaelú a bheith déanta ar mhórán iasachtaí Béarla. Tá, dá réir sin, an Ghaeilge 'more or less intermixed with hibernicized English words'.[173] Iasachtaí díreacha foclóra is ea formhór na solaoidí a thugann sé sa chás seo:

acra	*damáiste*	*príosún*
aprún	*diúité*	*púdar*
aturnae	*dust*	*rás*
baraille	*eastát*	*rast*[174]
bastard	*fábhar*	*ráta*

[168] ARÉ LS 12 Q 13, lch 214.
[169] Macalister (1938: §102).
[170] Ollamh le Ceimic in Ollscoil Chaitliceach na hÉireann (1856-73), bunaitheoir *The Atlantis* i dteannta an Chairdinéil Newman (1858) agus eagarthóir ar an iris chéanna go dtí gur tháinig deireadh léi (1863). Toghadh mar bhall d'Acadamh Ríoga na hÉireann é (1857), chaith sé tréimhsí mar Leas-Uachtarán agus mar Rúnaí ar Chomhairle an Acadaimh, agus bhí sé ina Uachtarán ar Choláiste na Ríona, Corcaigh, go dtí gur cailleadh é sa bhliain 1890. Gheofar breis eolais ar bheatha agus ar shaothar Sullivan in Wheeler (1945).
[171] Chuir Hermann Ebel (1820-75) an obair seo i gcló in *Beiträge zur vergleichenden Sprachforschung auf dem Gebiete der arischen, keltischen und slavischen Sprachen* 1-3 (1858, 1861, 1863); cf. Tristram (1990: 19-20). D'fhoilsigh Sullivan aistriúcháin chiorraithe chomh maith de shaothar Ebel ón gcéad dá imleabhar den iris Gearmáinise san *Atlantis* (1862).
[172] Sullivan (1873: xlviii-lxviii).
[173] ARÉ LS 12 Q 13, lch 217.
[174] 'rest'.

beilt	*fairm*[175]	*réasún*
bháscót	*fórsa*	*riosta*
bhásta	*gósta*	*róst*
bheast	*léas*	*rumpa*
binse	*marc*	*sibht*[176]
bloc	*miosúr*	*siosúr*
bólta	*murdar*	*sórt*
bord	*ogsaod*[177]	*spár*[178]
borraigh[179]	*paca*	*spórt*
breib	*páirc*	*spota*
bric[180]	*páirt*	*stéig*
buidéal	*paiste*	*stoc*
cás	*párdún*	*stop*
comparáid	*pátrún*	*stríoc*
compord	*píosa*	*stuif*
crúca	*plaincéad*	*stumpa*
cúirtéireacht	*pláta*	*substaint*
cuntanós	*pléasúr*	*téarma*
dainséar	*printíseach*	

Maidir leis na solaoidí eile sa liosta, moirféim dhúchais curtha le focal Béarla is bunús leo, mar atá: -(e)áil (*bácáil*, *bancáil*, *béadáil*,[181] *fásáil*,[182] *ládáil*, *liostáil*, *ofráil*, *probháil*,[183] *puiseáil*, *róstáil*, *spáráil*); -(e)áilte (*prionsabáilte*, *siúireáilte*, *támáilte*[184]); -aer / -éir (*bácaer*, *baitsiléir*, *beigéir*, *drúncaer*, *muirdréir*, *stróinséir*); -éis (*cúirtéis*); -óir (*barbóir*); -(i)úir (*fairmiúir*,[185] *táilliúir*).[186] Dob fhéidir, gan dabht, *béitéil* agus *fiollaí* i liosta na bhfocal teicn thuas a lua anseo arís chomh maith.[187] Luaitear *pus* 'puss', leis, ach is fearr an focal seo sa liosta a chuireann síos ar iasachtaí Gaeilge sa Bhéarla toisc gur ón nGaeilge a tháinig an focal féin isteach i mBéarla na hÉireann.[188]

LÍON NA GCAINTEOIRÍ GAEILGE AGUS A LITEARTHACHT:

---

[175] 'farm'.
[176] 'shift'.
[177] 'hogshead'.
[178] 'spare'.
[179] 'borrow'; /bori:/ sa Ghaeilge anseo, ní foláir, leis an *-gh* imithe ar ceal.
[180] 'brick'.
[181] 'bathing'.
[182] 'facing'.
[183] 'proving'.
[184] 'tame'.
[185] 'farmer'.
[186] Mar le focail nua atá á gcruthú ar an gcuma seo fós sa Ghaeilge, feic Ua Súilleabháin (1994: 537) agus Ó hÚrdail (1995).
[187] Feic n. 145 agus n. 152, fá seach.
[188] Ó Muirithe (1996: 156); Dolan (1998: 209).

Cuireann an Cathánach clabhsúr ar a aiste á rá go bhfuil titim thubaisteach tagtha ar líon iomlán na gcainteoirí Gaeilge sa chúige, ach amháin in Ard Mhacha agus sa Chabhán, i nDún na nGall, Muineachán agus Tír Eoghain, ach fiú sna contaetha seo tá aineolas ar litríocht na Gaeilge féin forleathan, deir sé, agus níl léamh ná scríobh sa teanga ach ag an bhfíorbheagán. Níl, dar leis, an Ghaeilge ar an dé deiridh fós, áfach, nuair a chuirtear sa mheá na foilsiúcháin ar chúrsaí staire agus litríochta, ar theangeolaíocht agus ar sheandálaíocht na Ceiltise ó Acadamh Ríoga na hÉireann, ón gCumann Seandálaíoch agus Ceilteach, ó Chumann Seandálaíoch Chill Chainnigh chomh maith le *The Towers and Temples of Ancient Ireland* (1867) le Marcus Keane, agus a bhfuil curtha amach san *Ulster Journal of Archaeology* agus i mórán foilsiúchán eile nach iad.[189]

Díol suime is ea é go dtagródh an Cathánach do leabhar Marcus Keane anseo, agus dob fhéidir gurbh in ómós dá chomh-Chláiríneach a chuir sé san áireamh i gcríoch na haiste aige é. Fós féin bhí cáil ar Marcus Keane, go háirithe i measc mhuintir an Chláir, mar gheall ar an íde a thug sé ar a thionóntaí i gcaitheamh an Ghorta Mhóir. An díshealbhú agus an bánú a chleacht sé go forleathan ag an am ba chúis, mar shampla, leis an teideal drochmheastúil 'The Exterminator General of Clare' a bhaist an *Limerick and Clare Examiner* (29 Márta, 1848) air.[190] Gan dabht, fé mar a luadh i dtús an chuntais seo, bhí an Cathánach lonnaithe i mBaile Átha Cliath fé 1844-5, sa tslí is go mb'fhéidir nach raibh sé ar an eolas ar fad mar gheall ar a raibh ag tarlú ina chontae dúchais ag an am. Is deacair, ar shlí, an méid sin a shamhlú, áfach, go háirithe nuair a chuimhnítear gur cháin léirmheastóirí tuairimíocht bhaoth an leabhair le Marcus Keane nuair a tháinig sé amach.[191]

Cuntas ilghnéitheach atá curtha ar fáil ag Próinsias Ó Catháin ar staid na teangan agus na litríochta i gCúige Uladh sa naoú céad déag. Fé mar a luadh thuas, tá an chuma air uaireanta gur i dtaoibh leis an ngineariáltacht a bhíonn sé, agus gurbh fhéidir nithe áirithe dá mbíonn le rá aige a lua le baill eile lasmuigh den chúige féin chomh maith; nó fós gur ar a thaithí phearsanta ar a líomatáiste dúchais a bhíonn sé ag brath ar amannta. Ní fhágann san ná gur foinse shaibhir eolais atá curtha ar fáil aige. Cuireann a aiste ar na súilibh arís dúinn, is fíor, go bhfuil fianaise luachmhar — go deimhin oidhreacht luachmhar — fanta inniu againn i lámhscríbhinní déanacha na Gaeilge.

[189] ARÉ LS 12 Q 13, lch 218.
[190] Ó Murchadha (2000).
[191] Ó Murchadha (2000: 192).

Foinsí Tánaisteacha:

Andrews, Hilary, 2001: *The lion of the West. A biography of John MacHale*. Dublin.

Beckett, Colm, 1967: *Fealsúnacht Aodha Mhic Dhomhnaill*. Baile Átha Cliath.

Beckett, Colm, 1987: *Aodh Mac Domhnaill: dánta.* Baile Átha Cliath.

Bergin, Osborn, 1942: 'Bróg 'shoe'', *Éigse* 3/4, 237-9.

Blaney, Roger, 1996: *Presbyterians and the Irish language*. Belfast.

Breathnach, Breandán, 1967-70: 'Máirseáil Alasdruim', *Ceol* 3, 38-43, 79-86.

Breathnach, Breandán, 1982-5: 'The pipers of Kerry', *Irish Folk Music Studies. Éigse Cheol Tíre* 4, 5-29.

Breathnach, Breandán, 1989: *Ceol agus rince na hÉireann.* Baile Átha Cliath.

Breathnach, Diarmuid, Ní Mhurchú, Máire, 1986: *Beathaisnéis a haon*. Baile Átha Cliath.

Breathnach, Diarmuid, Ní Mhurchú, Máire, 1997 *Beathaisnéis a cúig*. Baile Átha Cliath.

Breathnach, Nioclás, 1946: 'Focail Ghaedhilge atá le clos sa Bhéarla a labhartar sa Chaisleán Nua, Co. Luimnigh', *Éigse* 5/3, 203-8.

Breatnach, Pádraig A., 1983: 'Múnlaí véarsaíocht rithimiúil na Nua-Ghaeilge', in Pádraig de Brún, Seán Ó Coileáin, Pádraig Ó Riain (eag.), *Folia Gadelica*. *Essays presented to R. A. Breatnach*, 54-71. Cork.

Breatnach, Pádraig A., 1987: 'Oral and written transmission of poetry in the eighteenth century', *Eighteenth-Century Ireland. Iris an dá chultúr* 2, 57-65.

Cooper, David, (eag.), 2002: *The Petrie Collection of the Ancient Music of Ireland*. Cork.

Croker, Thomas Crofton, 1824: *Researches in the South of Ireland*. London.

de Bhaldraithe, Tomás, 1967: 'Cheithre fhocal a chríochnaíonn le -ún', *Éigse* 12/1, 61-7.

de Brún, Fionntán, 2011: 'Expressing the Nineteenth Century in Irish: the poetry of Aodh Mac Domhnaill (1802-67)', *New Hibernia Review / Iris Éireannach Nua* 15/1, 81-106.

de Brún, Pádraig, 1988: *Lámhscríbhinní Gaeilge: treoirliosta*. Baile Átha Cliath.

de Brún, Pádraig, 2009: *Scriptural instruction in the vernacular. The Irish Society and its teachers 1818-1827*. Dublin.

de Brún, Pádraig, Ó Buachalla, Breandán, Ó Concheanainn, Tomás, (eag.), 1986: *Nua-Dhuanaire cuid 1*. Baile Átha Cliath.

Denvir, Gearóid, 1989: 'An béal beo: filíocht bhéil Chonamara inniu', *Léachtaí Cholm Cille* 19, 192-222.

Denvir, Gearóid, 2006: 'Literature in Irish, 1800-1890: from the Act of Union to the Gaelic League', in Margaret Kelleher, Philip O'Leary (eag.), *The Cambridge history of Irish literature volume 1 to 1890*, 544-98. Cambridge.

DIL – *Dictionary of the Irish Language: based mainly on Old and Middle Irish materials / Contributions to a Dictionary of the Irish language*. Dublin 1913-75.

Dolan, Terence Patrick, 1998: *A dictionary of Hiberno-English. The Irish use of English*. Dublin.

Fitzgerald, Garret, 1984: 'Estimates for baronies of minimum level of Irish-speaking amongst successive decennial cohorts: 1771-1781 to 1861-1871', *Proceedings of the Royal Irish Academy* 84C (uimhir 3), 117-55.

Fitzgerald, Garret, 2003: 'Irish-speaking in the pre-famine period: a study based on the 1911 census data for people born before 1851 and still alive in 1911', *Proceedings of the Royal Irish Academy* 103C (uimhir 5), 191-283.

Freeman, A. Martin, 1920-1: 'Irish folk songs', *Journal of the Folk-Song Society* 6, 95-342.
Goan, Cathal, 1984: 'An Fial-Athair Dónall', *Ceol* 7, 46-9.
Gunn, Marion, 1984: *A chomharsain éistigí agus amhráin eile as Co. an Chláir*. Baile Átha Cliath.
Hardiman, James, (eag.), 1831: *Irish minstrelsy, or bardic remains of Ireland; with English poetical translations*, I. London.
'Iolann Fionn', 1926: *Filí gan iomrádh*. Baile Átha Cliath.
Kelly, Fergus, 1997: *Early Irish farming.* Dublin.
Macalister, R.A. Stewart, (eag.), 1938: *Lebor Gabála Érenn. The Book of the Taking of Ireland. Part I.* Irish Texts Society 34. London.
Mac a' Bháird, Seághan, 1909: *Leabhar filidheachta fá choinne na scoil*. Baile Átha Cliath.
Mac Mathúna, Liam, 2007: *Béarla sa Ghaeilge. Cabhair choigríche: an códmheascadh Gaeilge / Béarla i litríocht na Gaeilge 1600-1900*. Baile Átha Cliath.
Mac Seáin, Pádraig, 1973: *Ceolta Theilinn*. Béal Feirste.
McGuinne, Dermot, 1992: *Irish type design. A history of printing types in the Irish character*. Dublin.
Ní Dheá, Eilís, 2003-4: 'Rev. Jonathan Furlong – sagart na Gaeilge', *The other Clare* 27-8, 40-2.
Ní Uallacháin, Pádraigín, 2003: *A hidden Ulster. People, songs and traditions of Oriel.* Dublin.
Ní Úrdail, Meidhbhín, 1996: 'Oralisierung: der Fall der Handschrift 12 Q 13' in Hildegard L.C. Tristram (eag.), *(Re)Oralisierung*, 263-82. Tübingen.
Ní Úrdail, Meidhbhín, 2000: *The scribe in eighteenth- and nineteenth-century Ireland: motivations and milieu*. Münster.
Ní Úrdail, Meidhbhín, 2002: 'Máire Bhuí Ní Laoghaire: file an "rilleadh cainte"', *Eighteenth-Century Ireland. Iris an dá chultúr* 17, 146-56.
Nic Fhachtna, Síle, 1940: 'Cúntas ar láimhsgríbhinn de chuid Phroinnséis Uí Catháin', *Éigse* 2/4, 278-83.
Ó Buachalla, Breandán, 1968: *I mBéal Feirste cois cuain*. Baile Átha Cliath.
Ó Buachalla, Breandán, (eag.), 1975: *Cathal Buí: amhráin*. Baile Átha Cliath.
Ó Buachalla, Breandán, 1996: *Aisling ghéar. Na Stíobhartaigh agus an t-aos léinn 1603-1788*. Baile Átha Cliath.
Ó Cíosáin, Niall, 1997: *Print and popular culture in Ireland, 1750-1850*. London.
Ó Coileáin, Seán, (eag.), 2002: *An tOileánach Tomás Ó Criomhthain*. Baile Átha Cliath.
Ó Con Cheanainn, Ciarán, 2011: *Clár amhrán Mhaigh Cuilinn*. Baile Átha Cliath.
Ó Conchúir, Breandán, 1982: *Scríobhaithe Chorcaí 1700-1850*. Baile Átha Cliath.
Ó Cuív, Brian, 1947: *Cnósach focal ó Bhaile Bhúirne i gCunndae Chorcaí.* Baile Átha Cliath.
Ó Cuív, Brian, 1986: 'Irish language and literature, 1691-1845', in T.W. Moody, W.E. Vaughan (eag.), *A new history of Ireland, iv, eighteenth-century Ireland 1691-1800*, 374-423. Oxford.
Ó Cuív, Brian, 1996: 'Irish language and literature, 1845-1921', in W.E. Vaughan (eag.), *A new history of Ireland, vi, Ireland under the Union, ii 1870-1921*, 385-435. Oxford.
Ó Donncha, Donncha, 1931: *Filíocht Mháire Bhuí Ní Laoghaire*. Baile Átha Cliath.

Ó Dubhda, Seán, 1943: ‘Foclóir agus téarmaí feirmeoireachta’, *Béaloideas* 13, 3-39.
Ó Duilearga, Séamus, 1939: ‘Seán do Búrc’, *Éigse* 1/4, 235-6.
Ó Fiaich, Tomás, (eag.), 1973: *Art Mac Cumhaigh: dánta*. Baile Átha Cliath.
Ó Laoire, Lillis, 2003: ‘“… d’imeodh an aois díom”: Tír na nÓg agus talamh na hÉireann’, in M. Ní Annracháin, W. McLeod (eag.), *Cruth na Tíre*, 39-68. Baile Átha Cliath.
Ó Macháin, Pádraig, 2001: ‘Litir Ghaelach, 1848’, *Decies* 57, 85-9.
Ó Macháin, Pádraig, 2009: ‘Irish manuscripts in the nineteenth century’ in Bernadette Cunningham, Siobhán Fitzpatrick, Petra Schnabel (eag.), *Treasures of the Royal Irish Academy library*, 161-71. Dublin.
Ó Madagáin, Breandán, 2005: *Caointe agus seancheolta eile. Keening and other old Irish musics*. Conamara.
Ó Máille, Micheál, Ó Máille Tomás, 1905: *Amhráin chlainne Gaedheal*. Baile Átha Cliath.
Ó Máille, Tomás, (eag.), 1916: *Amhráin Chearbhalláin. The poems of Carolan*. Irish Texts Society 17. London.
Ó Maolmhuaidh, Proinsias, 1981: *Uilleog de Búrca. Athair na hAthbheochana*. Baile Átha Cliath.
Ó Muirgheasa, Énrí, (eag.), 1915: *Céad de cheoltaibh Uladh*. Baile Átha Cliath.
Ó Muirgheasa, Énrí, (eag.), 1934: *Dhá chéad de cheoltaibh Uladh*. Baile Átha Cliath.
Ó Muirithe, Diarmaid, 1996: *A dictionary of Anglo-Irish. Words and phrases from Gaelic in the English of Ireland*. Dublin.
Ó Muraíle, Nollaig, 1983: ‘Staid na Gaeilge i gConnachta in aimsir Sheáin Mhic Héil’ in Áine Ní Cheannain (eag.), *Leon an Iarthair. Aistí ar Sheán Mac Héil Ardeaspag Thuama 1834-1881*, 37-66. Baile Átha Cliath.
Ó Murchadha, Ciarán, 2000: ‘‘The Exterminator General of Clare’, Marcus Keane of Beech Park (1815-1883)’, in idem, *County Clare Studies. Essays in memory of Gerald O’Connell, Seán Ó Murchadha, Thomas Coffey and Pat Flynn*, 169-200. Ennis.
Ó Murchú, Máirtín, 1970: *Urlabhra agus pobal*. Baile Átha Cliath.
Ó Néill, Séamus, 1977-8: ‘Bishop Gallagher’s sermons’, *Éigse* 17/2, 209-13.
O’Rahilly, T.F., 1950: ‘Francis Keane’s list of Irish technical terms’, *Celtica* 1/2, 303-7, 406.
O’Rahilly, T.F., Mulchrone, Kathleen et al., 1926-70: *Catalogue of Irish manuscripts in the Royal Irish Academy*. Dublin.
Ó Siochrú, Micheál, 1999: *Confederate Ireland 1662-1649. A constitutional and political analysis*. Dublin.
Ó Snodaigh, Pádrag, Ua Súilleabháin, Seán, 1997: ‘Cnuasach focal ó iarthar Luimnigh’, in Anders Ahlqvist, Věra Čapková (eag.), *Dán do oide: essays in memory of Conn R. Ó Cléirigh*, 515-43. Dublin.
Ó Súilleabháin, Pádraig, 1965: ‘Roinnt caiticeasmaí Gaeilge’, *Éigse* 11/2, 113-15.
O’Sullivan, D.J., (eag.), 1922: *Journal of the Irish Folk Song Society* 19.
O’Sullivan, D.J., (eag.), 1924: *Journal of the Irish Folk Song Society* 21.
O’Sullivan, Donal, Ó Súilleabháin, Mícheál, (eag.), 1983: *Bunting’s Ancient Music of Ireland.* Cork.

Ó hÚrdail, Roibeárd, 1995: ‘A native bound-morpheme combines with fully nativised borrowed morphemes: a highly productive language-contact feature in the Irish of Cape Clear’, *Teanga* 15, 71-80.
Smith, Charles, 1774[2]: *The ancient and present state of the county and city of Cork*, II. Dublin.
Stanford, Charles Villiers, Petrie, George, 1902-5: *The complete collection of Irish music as noted by George Petrie*, I-III. London.
Stevenson, David, 1980: *Alasdair MacColla and the highland problem in the seventeenth century*. Edinburgh.
Sullivan, W.K., (eag.), 1873: *On the manners and customs of the ancient Irish. A series of lectures delivered by the late Eugene O’Curry, M.R.I.A., edited with an introduction, appendixes, etc., by W.K. Sullivan, PH.D.*, I. Dublin.
Tristram, Hildegard, 1990: ‘Einleitung: 150 Jahre deutsche Hibernistik’, in idem, *Deutsche, Kelten und Iren: 150 Jahre deutsche Keltologie*, 11-53. Hamburg.
Tynan, Michael, 1985: *Catholic instruction in Ireland 1720-1950*. Dublin.
Ua Laoghaire, Peadar, 1915: *Mo sgéal féin* Baile Átha Cliath.
Ua Súilleabháin, Seán, 1994: ‘Gaeilge na Mumhan’, in Kim McCone, Damian McManus, Cathal Ó Háinle, Nicholas Williams, Liam Breatnach (eag.), *Stair na Gaeilge in ómós do Phádraig Ó Fiannachta*, 479-538. Maigh Nuad.
Uí Chatháin, Bláthnaid, 2006: *Éigse Chairbre. Filíocht ó Chairbreacha i gCo. Chorcaí agus ón gceantar máguaird 1750-1850*. Baile Átha Cliath.
Vallely, Fintan, (eag.), 1999: *The companion to Irish traditional music*. Cork.
Wall, Maureen Wall, 1969: ‘The decline of the Irish language’, in Brian Ó Cuív (eag.), *A view of the Irish language*, 81-90. Dublin.
Wheeler, T.S., 1945: ‘Life and work of William K. Sullivan’, *Studies* 34, 21-36.